



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Coigeartuithe breise
ar na scrúdpháipéir scríofa

An Ardteistiméireacht, 2021

Clár na n-ábhar

(Cliceáil ar ábhar ar bith chun dul go díreach chuig an leathanach cuí.)

Réamhrá	3
Scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta Feidhmí.....	5
Cuntasáiocht.....	6
Eolaíocht Talmhaíochta	7
Sean-Ghréigis.....	8
Matamaitic Fheidhmeach.....	9
Araibis	10
Ealaín – Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne	11
Bitheolaíocht	12
Gnó	13
Ceimic	15
Léann Clasaiceach.....	16
Ríomheolaíocht.....	17
Staidéar Foirgníochta	18
Grafaic Dhearaidh Agus Chumarsáide.....	19
Eacnamaíocht	21
Innealtóireacht	22
English.....	23
Fraincis.....	27
Tíreolaíocht.....	29
Gearmáinís.....	31
Léann Eabhrach	34
Stair.....	35
Eacnamaíocht Bhaile- Eolaíoch agus Sóisialta.....	36
Gaeilge.....	37
Iodális.....	43
Seapáinís.....	45
Laidin	46
Matamaitic	47
Ceol.....	48
Fisic agus Ceimic	50
Corpoideachas	51
Fisic	52
An Pholaitíocht agus an tSochaí	53
Oideachas Reiligiúnach.....	54
Rúisis	56
Spáinnis.....	58
Teicneolaíocht	60
Teangacha Neamhchuraclaim*	62
LCVP – Gairmchlár na hArdteistiméireachta.....	63

* Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Dúitsis, Eastóinis, Fionlainnis, Ungáiris, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Nua-Ghréigis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinís, Slóvaicis, Slóivéinís, Sualainnis.

Réamhrá

Comhthéacs na gcoigeartuithe breise ar scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta in 2021

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais *Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021* i mí

Mheán Fómhair 2020 chomh maith le leagan nuashonraithe den doiciméad sin i mí na Nollag.

Leagadh amach sa doiciméad sin na socrúithe coigeartaithe do scoláirí iar-bhunscoile a mbeadh na scrúduithe teastais á ndéanamh acu i scoilbhliain 2020/21, ar socrúithe iad a ceapadh chun an cur isteach a rinneadh ar fhoghlaim scoláirí le linn scoilbhliain 2019/20 a chur san áireamh agus chomh maith leis sin roinnt teagmhasachta cuimsithe iontu chun dul i ngleic le cur isteach breise ar an bhfoghlaim a d'fhéadfadh tarlú amach anseo. De bhrí go raibh na scoileanna dúnta ar feadh tréimhse fada in 2021, agus mar thoradh air sin gur cuireadh isteach tuilleadh ar an bhfoghlaim, aontaíodh gur cheart coigeartuithe breise a dhéanamh ar na scrúdpháipéis scríofa chun an tionchar breise sin ar an bhfoghlaim a aithint. Tá sé mar aidhm ag na coigeartuithe breise sin an t-ualach atá ar iarrthóirí agus iad ag ullmhú do na scrúduithe scríofa, agus freisin an t-ualach atá orthu ar lá an scrúdaithe, a laghdú a oiread agus is féidir sin a dhéanamh le réasún.

Tugadh na coigeartuithe breise seo chun críche i ndiaidh comhráite idir an Roinn Oideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Is coigeartuithe iad atá de bhréis ar na coigeartuithe a rinneadh roimhe sin, ach i roinnt cásanna tagann siad in ionad na gcoigeartuithe a rinneadh roimhe sin. Tá mionsonraithe faoi na coigeartuithe a rinneadh roimhe sin ar fáil in *Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021*.

Raon feidhme na gcoigeartuithe breise

Is leis na scrúduithe scríofa, agus leo sin amháin, a bhaineann na coigeartuithe breise seo. I gcás na Gaeilge agus na nuatheangacha iasachta, níl aon athrú ar chomhpháirt na béaltrialach, agus níl aon athrú ach oiread ar chomhpháirt na héisteachta sa cheol. Níl aon choigeartuithe breise déanta ar an obair chúrsa phraiticiúil, ar na béaltrialacha ná ar thrialacha ar fheidhmíocht phraiticiúil. Tá eolas ar na coigeartuithe a rinneadh ar na comhpháirteanna measúnaithe sin leagtha amach in *Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021* agus tá siad sin i bhfeidhm go fóill.

Mar gheall ar an am den blhain atá ann, agus an dá blhain de chlár na hArdteistiméireachta ag teannadh chun deiridh, tá sé mar aidhm ag na coigeartuithe breise seo struchtúr agus leagan amach foriomlán an scrúdpháipéis a choinneáil ionas go mbeidh na scrúdpháipéis chomh so-aitheanta agus is féidir nuair a fheiceann na iarrthóirí iad. Ciallaíonn sé sin nár cuireadh aon ábhar nua leis na scrúdpháipéis agus, den chuid is mó, nár baineadh aon ábhar. A oiread agus ab fhéidir sin a dhéanamh, rinneadh na leasuithe go léir ar na páipéis trí na treoracha ar an scrúdpháipéar a athrú. I gcás na Gaeilge, níorbh fhéidir aon choigeartú cóir a dhéanamh ar Pháipéar a hAon, agus mar sin is ar Pháipéar a Dó agus air sin amháin a rinneadh na coigeartuithe.

I mbeagnach gach cás, baineann na coigeartuithe mar atá siad leagtha amach sa doiciméad seo le roghanna breise a chur ar fáil d'iarrthóirí trí líon na gceisteanna atá le freagairt sa scrúdú a laghdú. Cé go mbeidh níos lú ama ag teastáil chun an scrúdú a chríochnú mar thoradh air sin, ní bheidh

aon athrú ar fhad gach scrúdaithe, agus mar thoradh air sin tiocfaidh laghdú suntasach ar an mbrú ama.

Iomlán na marcanna agus ualú chompháirteanna an scrúdaithe.

I bhformhór na gcásanna, déanfar laghdú ar an marc iomlán don scrúdpháipéar agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí athdháileadh beag ar mharcanna taobh istigh de scrúdpháipéir mar thoradh ar roghanna breise a thabhairt isteach. Mar sin féin, i gcás na n-ábhar a bhfuil breis agus páipéar amháin ag gabháil leo agus i gcás na n-ábhar a bhfuil compháirt phraiticiúil, béaltríail, triail chluastuisceana nó éisteachta ag gabháil leo, coinneofar an t-ualú coibhneasta idir na compháirteanna eile agus an páipéar scríofa. Bainfear é sin amach trí athualú a dhéanamh ar na compháirteanna de réir mar is gó le linn an phróisis grádaithe. Mar shampla, i gcás Pháipéar a Dó sa Ghaeilge, a ndéanfar é a mharcáil as iomlán de 120 i mbliana seachas 200, déanfar an marc do Pháipéar a Dó a mhéadú faoi 1.67 (sin $200 \div 120$) sula ndéanfar é a chur leis na marcanna ó na compháirteanna eile ar an ngnáthbhealach.

De bhrí go bhfuil roghanna breise á gcur ar fáil agus go bhfuil laghdú ar líon na gceisteanna atá le freagairt, aithnítear go gciallaíonn sé sin, i mórán cásanna, nach ndéanann an scrúdú sampláil a thuilleadh ar fud réimse iomlán an tsiollabais nó na sonraíochta ábhair. I gcás roinnt de na hábhair, d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí catagóirí iomlána scileanna a mheas in aon chor i gcás iarrthóirí a roghnaíonn teaglaim áirithe ceisteanna, roghanna nach gceadófaí a dhéanamh i ngnáthbhliain.

Tionchar ar fud ábhar agus leibhéal

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé go ndearnadh gach iarracht comhsheasmhacht a chinntíú sa leibhéal ag a raibh an t-éileamh ar iarrthóirí á laghdú ar fud na n-ábhar agus na leibhéal éagsúil, gur chuir struchtúir éagsúla na scrúduithe srianta suntasacha ar a mhéad a d'fhéadfaí é sin a bhaint amach.

Mar sin féin, tugann formhór na n-iarrthóirí faoi réimse leathan ábhar (idir sé cinn agus ocht gcinn) agus dá bhrí sin, ar an iomlán, beidh leibhéal an bhuntáiste a bheidh le fáil ag iarrthóirí de bharr na n-athruithe seo mórán mar an gcéanna ar fud an réimse ábhar atá á dhéanamh acu, cé go n-aithnítear nach mbeidh sé fíor maidir le gach meascán ábhar.

Chun an oiread soiléireachta agus is féidir a chinntíú do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí, soláthraíonn an doiciméad cur síos ar an méid a bheidh le freagairt ag iarrthóirí sa scrúdú agus dírítear aird ann ar na difríochtaí idir é sin agus a mbíonn á éileamh de ghnáth. Déantar na treoracha leasaithe faoi mar a bheidh siad le feiceáil ar an scrúdpháipéar a sholáthar freisin.

Scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta Feidhmí

Is é an socrú a leagadh amach d'iarthóirí na hArdteistiméireachta Feidhmí sa doiciméad *Socrúithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2021* ná nach ndéanfaí aon choigeartú ar na scrúdpháipéir dheireanacha, ach go gcuirfí scálú, faoi fhachtóir 1.15 i bhfeidhm ar an marc a bhronnfaí. Sa sampla a tugadh, dá mbronnfaí 200 marc as iomlán de 300 marc ar iarrthóir, dhéanfaí an marc sin a scálú faoi 1.15 ionas gurb é an marc a bhronnfaí ar mhaithe le grádú ná 230 marc as 300.

Is mar sin atá an cás i gcónaí agus ní dhéanfar aon choigeartuithe ar na scrúdpháipéir sin, ach tá méadú ó 1.15 go dtí 1.25 curtha anois ar an bhfachtóir scálaithe atá le cur i bhfeidhm. I gcás an tsampla thuas, dá mbronnfaí 200 marc as iomlán de 300 marc ar iarrthóir, dhéanfaí an marc sin a scálú faoi 1.25 anois ionas gurb é an marc a bhronnfaí ar mhaithe le grádú ná 250 marc as 300.

Mar a luadh roimhe seo, déanfar an marc a theorannú ag iomlán an scrúdaithe, ionas go mbronnfar an t-uasmharc atá ar fáil ar iarrthóir a dtéann a m(h)arc thar uasmhéid na marcanna atá ar fáil.

Cuntasáiocht

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

In 2021, beidh trí Roinn sa dá scrúdpháipéar, mar is gnách.

I Roinn 1, beidh ar iarrthóirí Ceist 1 **nó** aon dá cheann de na ceisteanna eile sa Roinn a fhreagairt.

In 2021, beidh Ceist 1 malartach sa bhereis ann (Aonair/Cuideachta/Déantúsaíocht) ar mhaithe le rogha bhereise a sholáthar taobh istigh de cheist 1.

Beidh trí cheist i Roinn 2, mar is gnách. In 2021, beidh Ceist 5 bunaithe ar Léirmhíniú Cuntas. Ní bheidh ar iarrthóirí ach ceist amháin as an roinn seo a fhreagairt, sin ceist amháin níos lú ná sna blianta roimhe seo.

In 2021, ní bheidh aon athrú ar Roinn 3, beidh dhá cheist ann mar is gnách agus beidh ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt.

Ó tharla go bhfreagróidh iarrthóirí ceist amháin níos lú i Roinn 2, déanfar leithdháileadh iomlán na marcanna maidir leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal a laghdú ó 400 marc go dtí 300 marc.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal in 2021

Roinn 1: Cuntasáiocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist (A nó B) agus tá 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba cheart d'iarrthóirí CEIST 1 (A nó B) agus an cheist sin amháin a fhreagairt NÓ aon DÁ cheann de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasáiocht Airgeadais (100 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

Ba cheart d'iarrthóirí ceist AMHÁIN ar bith a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasáiocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

Ba cheart d'iarrthóirí ceann AMHÁIN de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Eolaíocht Talmhaíochta

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

Tá dhá roinn i scrúdpháipéir 2021: Roinn A agus Roinn B. Tá ceisteanna breise á gcur isteach chun rogha níos mó a sholáthar, chomh maith le líon níos lú ceisteanna a bheith le freagairt ag iarrthóirí.

Roinn A: Tá dhá cheann déag de cheisteanna gearra ann (C1-C12), agus beidh rogha bhreise taobh istigh de cheithre cinn de na ceisteanna sin. Tá ar iarrthóirí **seacht** gceist as Roinn A a fhreagairt. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Beidh 70 marc san iomlán ag gabháil le Roinn A.

Roinn B: Tá sé cinn de cheisteanna fada ann (C13-C18) agus tá rogha taobh istigh de dhá cheann de na ceisteanna. Tá ar iarrthóirí **trí** cheist ar bith as Roinn B a fhreagairt. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist. Beidh 150 marc san iomlán ag gabháil le Roinn B.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 220 marc, in ionad 300 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021.

Roinn A	Freagair seacht gceist ar bith as an roinn seo. Tá rogha taobh istigh de cheithre cheist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.
Roinn B	Freagair trí cheist ar bith as an roinn seo. Tá rogha taobh istigh de dhá cheist. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist

Sean-Ghréigis

Ardleibhéal

Tá ar iarrthóirí gach ceann de na ceithre cheist a fhreagairt. Níl aon athrú ar cheist 1.

I gCeist 2, beidh ar iarrthóirí sliocht amháin a aistriú go Gaeilge, seachas dhá shliocht mar ba ghnáth.

Beidh rogha bhreise taobh istigh de Cheist 3 agus tá laghdú curtha ar an méid de théacs ainmnithe ar gá staidéar a dhéanamh air. Ní dhearnadh aon choigearútuithe eile ar an gceist seo.

I gCeist 4, ní bheidh Roinn A agus Roinn B ar bith ann in 2021. Beidh ar iarrthóirí dhá cheist ar bith a fhreagairt, seachas trí cinn mar ba ghnáth, as liosta a bhfuil ocht gceist air.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 280 marc, seachas iomlán de 400 marc mar ba ghnáth.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, 2021

Ceist 1	Freagair Roinn A nó Roinn B.	50 marc
Ceist 2	Aistrigh sliocht amháin go Gaeilge as Roinn A nó as Roinn B.	90 marc
Ceist 3	Freagair Roinn A nó Roinn B.	80 marc
Ceist 4	Freagair dhá cheist ar bith.	60 marc

Gnáthleibhéal

Tá ar iarrthóirí gach ceann de na trí cheist a fhreagairt. In 2021, i gCeist 1, beidh ar iarrthóirí sliocht amháin a aistriú go Gaeilge, seachas dhá shliocht mar ba gháth.

Beidh rogha bhreise taobh istigh de Cheist 2 agus tá laghdú curtha ar an méid de théacs ainmnithe ar gá staidéar a dhéanamh air. Ní dhearnadh aon choigearútuithe eile ar an gceist seo.

I gCeist 3, ní bheidh Roinn A agus Roinn B ar bith ann in 2021. Beidh ar iarrthóirí dhá cheist ar bith a fhreagairt, seachas trí cinn mar ba ghnáth, as liosta a bhfuil ocht gceist air.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar ná 265 marc.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, 2021

Ceist 1	Aistrigh go Gaeilge ceann amháin ar bith de na sleachta A, B, C, D. (Tá na sleachta go léir sa cheist seo ar cómharc.)	105 marc
Ceist 2	Aistrigh go Gaeilge agus freagair ceithre cheist ar bith.	100 marc
Ceist 3	Freagair dhá cheist ar bith. (Tá 30 marc ag gabháil le gach ceist.)	60 marc

Matamaitic Fheidhmeach

Ardleibhéal

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí sé cheist as deich gceist a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí cúig cheist as deich gceist a fhreagairt. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar ná 250 marc, in ionad 300 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha ar an scrúdpháipéar Higher Level, 2021

Tá cúig cheist le freagairt. Tá gach ceist ar cómharc.

Gnáthleibhéal

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí sé cheist as naoi gceist a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí cúig cheist as naoi gceist a fhreagairt. Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar ná 250 marc, in ionad 300 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, 2021

Tá cúig cheist le freagairt. Tá gach ceist ar cómharc.

Araibis

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí atá ag déanamh na scrúduithe in Arabais na hArdteistiméireachta **gach** ceann de na ceithre chuid atá ar an scrúdpháipéar a fhreagairt. Cuid 1, Léamhthuisceint, Cuid 2, Litrócht, Cuid 3, Úsáid Teanga/Gramadach agus Cuid 4, Scríobh Leanúnach/Ceapadóireacht. Anois, beidh ar iarrthóirí atá ag déanamh na scrúduithe in Araibis na hArdteistiméireachta in 2021 níos lú codanna den scrúdú a fhreagairt ná sna blianta roimhe seo.

I scrúdú 2021, beidh ar iarrthóirí **Cuid 2 Litrócht** agus **Cuid 4, Scríobh Leanúnach/Ceapadóireacht** a fhreagairt. Beidh sé de rogha ag iarrthóirí **Cuid 1, Léamhthuisceint NÓ Cuid 3, Úsáid Teanga/Gramadach** a fhreagairt.

I **gCuid 2, Litrócht**, mar is gnách, beidh sliocht as téacs amháin ainmnithe i ngach ceann de na réimsí seo a leanas ar an bpáipéar: An Córán, véarsaíocht Chlasaiceach na hAraibise, agus prós Nua-Aoiseach na hAraibise. I mbliana, beidh iarrthóirí ábalta roghnú as rogha níos mó ceisteanna sa chuid seo den scrúdú ná mar a bhídís ábalta a dhéanamh roimhe seo. In 2021, beidh ceist amháin sa bhréis ar gach ceann de na sleachta seo. Dá bhrí sin, leagfar amach trí cheist i ngach ceann de na réimsí seo a leanas: An Córán, véarsaíocht Chlasaiceach na hAraibise, agus prós Nua-Aoiseach na hAraibise. Beidh ar iarrthóirí **ceithre cinn ar bith** de na naoi gceist i gCuid 2 den scrúdú a fhreagairt.

I **gCuid 4, Scríobh Leanúnach/Ceapadóireacht**, beidh ar iarrthóirí, mar is gnách, aiste amháin a scríobh as an rogha de shé cinn a sholáthraítear. Mar thoradh ar na hathruithe sin, déanfar Araibis na hArdteistiméireacht in 2021 a mharcáil as 320 marc san ionlán, seachas an 400 marc san ionlán a mbíti á marcáil as sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

- Freagair **Cuid 1, Léamhthuisceint NÓ Cuid 3, Úsáid Teanga/Gramadach**.
- Freagair **ceithre** cinn ar bith de na naoi gceist atá leagtha amach i **gCuid 2, Litrócht**.
- Scríobh ceann **amháin** de na haistí atá ar an liosta i **gCuid 4, Scríobh Leanúnach/Ceapadóireacht**

Ealaín – Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí trí cheist a fhreagairt, agus ceist amháin a roghnú as gach ceann de na trí roinn: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin ar Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1,000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

In 2021, beidh ar iarrthóirí **Dhá** cheist san iomlán a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna do gach scrúdpháipéar in 2021 ná 100 marc, in ionad 150 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021.

Ní mór duit DHÁ cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn I (An Ealaín in Éirinn)
- Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1,000 AD - An Lá Inniu)
- Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (50).

Bitheolaíocht

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

Tá trí roinn sa dá scrúdpháipéar in 2021: Roinn A, Roinn B agus Roinn C. Tugtar rogha níos mó leis na ceisteanna breise a sholáthraítear ar an bpáipéar, chomh maith le líon níos lú ceisteanna a bheith le freagairt ag iarrthóirí.

Roinn A – Tá seacht gcinn de cheisteanna gearra ann (C1–C7). Tá ar iarrthóirí **ceithre** cheist ar bith as an roinn seo a fhreagairt. Tá uasmhéid de 20 marc ag gabháil le gach ceist. Beidh 80 marc san iomlán ag gabháil le Roinn A.

Roinn B – Tá trí cinn de cheisteanna praiticiúla éigeantacha ann (C8–C10). Tá ar iarrthóirí ceist **amháin** ar bith as an roinn seo a fhreagairt. Beidh gach ceist ailínithe le haonad/le haonaid ar leith taobh istigh den siollabas mar seo a leanas: Beidh gníomhaíochtaí praiticiúla as Aonad 1, fo-aonad 2.1 agus 2.5 i gCeist 8; beidh gníomhaíochtaí praiticiúla as fo-aonad 2.2 i gCeist 9; agus beidh gníomhaíochtaí praiticiúla as aonad 3 i gCeist 10. Tá 30 marc ag gabháil le gach ceist. Tá 30 marc san iomlán ag gabháil le Roinn B.

Roinn C – Tá seacht gcinn de cheisteanna fada ann (C11–C17), lena n-áirítear rogha bhrefise taobh istigh de dhá cheist (C16 agus C17). Tá ar iarrthóirí **trí** cheist ar bith as an roinn seo a fhreagairt. Maidir le C16 agus C17, cuireadh cuid (d) sa bhrefis le gach ceist, rud a thugann rogha d'íarrthóirí idir cheithre chuid de cheist (a), (b), (c), (d). Tá ar iarrthóirí dhá chuid ar bith a fhreagairt i ngach ceann den dá cheist seo.

Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist. Tá 180 marc san iomlán ag gabháil le Roinn C.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 290 marc, in ionad 400 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021.

Roinn A	Freagair ceithre cheist ar bith as an roinn seo. Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.
---------	---

Roinn B	Freagair ceist amháin ar bith as an roinn seo. Tá 30 marc ag gabháil le gach ceist.
---------	---

Roinn C	Freagair trí cheist ar bith as an roinn seo. Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.
---------	---

Gnó

Ardleibhéal

Beidh trí roinn i scrúdpháipéar 2021 mar is gnách.

I Roinn a hAon, bíonn ar iarrthóirí ocht gcinn de cheisteanna gearrfhreagra as deich gcinn a fhreagairt de ghnáth. In 2021, beidh ar iarrthóirí ceithre cheist as líon iomlán de 12 cheist ghearrfhreagra a fhreagairt.

I Roinn 2, tá ar iarrthóirí an Cheist ar an nGnó Feidhmeach (*ABQ* i mBéarla) a fhreagairt mar is gnách.

I Roinn 3, bíonn ar iarrthóirí ceithre cheist as seacht gceist a fhreagairt de ghnáth - agus ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist ag Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó as Cuid 2 á roghnú acu. In 2021, cuirfear ceist sa bhrefis le Cuid 1 chun níos mó roghanna a sholáthar. In 2021, beidh ar iarrthóirí trí cheist as ocht gceist a fhreagairt. Tá ar iarrthóirí ceist amháin a roghnú as Cuid 1, ceist amháin a roghnú as Cuid 2 agus an tríú ceist a roghnú as Cuid 1 nó as Cuid 2.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 300 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

(A) Ceithre cheist as Roinn 1

AGUS

(B) An Cheist ar an nGnó Fheidhmeach i ROINN 2

AGUS

(C) Trí cheist as ROINN 3 mar seo a leanas:

Ceist **Amháin** as Cuid 1,

Ceist **Amháin** as Cuid 2

Agus ceist **Amháin** eile as Cuid 1 nó as Cuid 2.

Gnáthleibhéal

Beidh dhá roinn i scrúdpháipéir 2021 mar is gnách.

I Roinn 1, bíonn ar iarrthóirí 10 gcinn de cheisteanna gearrfhreagra as 15 a fhreagairt de ghnáth.

In 2021, beidh ar iarrthóirí cúig cinn de cheisteanna gearrfhreagra as 15 a fhreagairt, agus beidh 15 mharc an ceann ag gabháil leo. Is é leithdháileadh iomlán na marcanna ná 75 marc.

I Roinn 2, bíonn ar iarrthóirí ceithre cheist as ocht gceist a fhreagairt de ghnáth - agus ceist amháin as Cuid 1, dhá cheist ag Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó as Cuid 2 á roghnú acu.

In 2021, cuirfear ceist sa bheiris le Cuid 1 chun níos mó roghanna a sholáthar. In 2021, beidh ar iarrthóirí trí cheist as naoi gceist a fhreagairt. Tá ar iarrthóirí ceist amháin a roghnú as Cuid 1 agus ceist amháin a roghnú as Cuid 2 agus an tríú ceist a roghnú as Cuid 1 nó as Cuid 2.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 300 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

(A) Cúig cheist as ROINN 1

AGUS

(B) Trí cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:

Ceist Amháin as Cuid 1 agus

Ceist Amháin as Cuid 2 agus

Ceist Amháin eile as Cuid 1 nó as Cuid 2.

Ceimic

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

In 2021, tá cuid bhrefise i gCeist 4 agus cuid bhrefise i gCeist 11 sna páipéir Cheimice ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal.

Sa dá pháipéar, beidh na chéad 11 chuid de Cheist 4, i.e. codanna (a) go (k), bunaithe ar an gCroíshiollabas agus beidh cuid (l) bunaithe ar na Roghanna. Tá ar iarrthóirí a bhfuil Ceist 4 á freagairt acu ocht gcinn de na codanna sin a fhreagairt mar is gnách.

Sa dá pháipéar, beidh na chéad trí chuid de Cheist 11, i.e. codanna (a), (b) agus (c), bunaithe ar an gCroíshiollabas agus beidh cuid (d) bunaithe ar na Roghanna.

Tá ar iarrthóirí a bhfuil Ceist 11 á freagairt acu dhá cheann de na codanna sin a fhreagairt.

Seachas na hathruithe sin ar Cheist 4 agus ar Cheist 11, níl aon athrú ar struchtúr na bpáipéar Ceimice ag an Ardleibhéal ná ag an nGnáthleibhéal; mar is gnách i ngach páipéar, beidh trí cheist i Roinn A bunaithe ar na turgnaimh éigeantacha agus beidh ocht gceist eile i Roinn B. Beidh na ceisteanna go léir ar cómharc (50 marc).

Beidh ar iarrthóirí in 2021 sé cheist **ar bith** a fhreagairt; **ní bheidh** ar iarrthóirí in 2021 dhá cheist ar a laghad a fhreagairt as Roinn A, mar a bhíodh orthu a dhéanamh de ghnáth.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna do scrúdpháipéar 2021 ná 300 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Freagair **sé** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (50).

Léann Clasaiceach

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

In 2021, tá laghdú ar líon na gceisteanna a bheidh le freagairt ag iarrthóirí. In 2021, beidh ar iarrthóirí ceithre cheist a fhreagairt seachas sé cheist.

In 2021, tá ar iarrthóirí topaic a roghnú fós as gach ceann de na trí ghrúpa ar an bpáipéar. Tá ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt as gach ceann de na topaicí sin a roghnaíonn siad. Tá cead ag iarrthóirí an ceathrú ceist dá gcuid a roghnú as topaic ar bith in aon ghrúpa ar an scrúdpháipéar.

Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist. Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal in 2021 ná 200 marc, seachas 300 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC.

Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

Grúpa I: Topaicí 1 go 4.

Grúpa II: Topaicí 5 go 7.

Grúpa III: Topaicí 8 go 10.

*Tá ar iarrthóirí **CEITHRE CHEIST** a fhreagairt. Ní mór d'iarrthóirí ceist **amháin** a fhreagairt as Topaic *i ngach* ceann de na trí Ghrúpa. Ansin, is féidir le hiarrthóirí an cheist atá fanta a roghnú as Topaic ar bith i nGrúpa ar bith.*

Ríomheolaíocht

Ardleibhéal

I Roinn A, tá ar iarrthóirí ceisteanna gearrfhreagra a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí sé cheist as dhá cheist déag a fhreagairt, seachas an 12 cheist ar fad.

I Roinn B, tá ar iarrthóirí ceisteanna fada a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí ceist amháin as trí cheist a fhreagairt, seachas na trí cheist ar fad.

I Roinn C, tá ar iarrthóirí tascanna ríomhchlárúcháin a dhéanamh ar ghléas leictreonach.

Beidh ceist amháin sa Roinn seo in 2021. Baineadh cuid (b) den cheist, tasc oscailte ríomhchlárúcháin, den scrúdpháipéar. Anois ní bheidh iarrthóirí ag freagairt ceisteanna ach ar chomhad *Python* aonair. Níl aon rogha sa chuid seo den pháipéar.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna do scrúdpháipéar 2021 ná 110 marc, seachas 210 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Roinn A	Ceisteanna Gearrfhreagra	Freagair sé cheist ar bith	30 marc
Tá na ceisteanna go léir ar cómharc			
Roinn B	Ceisteanna Fada	Freagair ceist amháin ar bith	30 marc
Roinn C	Ríomhchlárúchán	Ceist amháin	50 marc
Freagair gach cuid den cheist			

Gnáthleibhéal

I Roinn A, tá ar iarrthóirí ceisteanna gearrfhreagra a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí sé cheist as dhá cheist déag a fhreagairt, seachas an 12 cheist ar fad.

I Roinn B, tá ar iarrthóirí ceisteanna fada a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí ceist amháin as trí cheist a fhreagairt, seachas na trí cheist ar fad.

I Roinn C, tá ar iarrthóirí tascanna ríomhchlárúcháin a dhéanamh ar ghléas leictreonach. Baineadh cuid (b) den cheist, tasc oscailte ríomhchlárúcháin, den scrúdpháipéar do 2021. Anois ní bheidh iarrthóirí ag freagairt ceisteanna ach ar chomhad *Python* aonair. Níl aon rogha sa chuid seo den pháipéar.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna do scrúdpháipéar 2021 ná 110 marc, seachas 210 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Roinn A	Ceisteanna Gearrfhreagra	Freagair sé cheist ar bith	30 marc
Tá na ceisteanna go léir ar cómharc			
Roinn B	Ceisteanna Fada	Freagair ceist amháin ar bith	30 marc
Roinn C	Ríomhchlárúchán	Ceist amháin	50 marc
Freagair gach cuid den cheist			

Staidéar Foirgníochta

Ardleibhéal

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí Ceist 1 éigeantach a fhreagairt, chomh maith le ceithre cheist ar bith eile as na naoi gceist atá fanta.

In 2021, beidh ar iarrthóirí ceithre cheist ar bith as na deich gceist a fhreagairt. Ní bheidh Ceist 1 éigeantach in 2021.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don pháipéar ná 240 marc, seachas 300 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Freagair ceithre cheist ar bith

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Gnáthleibhéal

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí Ceist 1 éigeantach a fhreagairt, chomh maith le trí cheist ar bith eile as na hocht gceist atá fanta.

In 2021, beidh ar iarrthóirí trí cheist ar bith as na naoi gceist a fhreagairt. Ní bheidh Ceist 1 éigeantach in 2021.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don pháipéar ná 150 marc, seachas 200 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Freagair trí cheist ar bith

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Grafaic Dhearaidh Agus Chumarsáide

Ardleibhéal

Roinn A; *Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra*; beidh siad mar an gcéanna leis na blianta roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí trí cheist as na ceithre cheist a chuirtear ina láthair a fhreagairt. Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.

I Roinn B; *Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada* agus **Roinn C;** *Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada*, beidh ar iarrthóirí dhá cheann ar bith de na hocht gceist a chuirtear ina láthair a fhreagairt ar fud an dá roinn. Dá bhí sin, beidh sé de rogha ag iarrthóirí dhá cheist as *Roinn B Croíréimhsí Staidéir*, nó dhá cheist as *Roinn C Grafaic Fheidhmeach* nó ceist amháin as gach roinn a fhreagairt.

Déanfar na ceisteanna go léir as Roinn B agus as Roinn C a mharcáil as 60 marc in 2021, in ionad an 45 marc a bhíonn ag gabháil le gach ceist de ghnáth.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 180 marc in ionad an 240 marc san iomlán a bhíodh ag dul dó sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóir ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Roinn A: Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra	60 marc
---	----------------

Freagair trí cheist ar bith

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc

Roinn B: Croíréimsí Staidéir AGUS Roinn C: Grafaic Fheidhmeach	120 marc
---	-----------------

Freagair DHÁ **cheist** ar bith as na hocht gceist a chuirtear i láthair i Roinn B agus i Roinn C.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Gnáthleibhéal

Roinn A; *Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra*; beidh siad mar an gcéanna leis na blianta roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí trí cheist as na ceithre cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt. Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.

I **Roinn B;** *Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Fada* agus **Roinn C;** *Grafaic Fheidhmeach - Ceisteanna Fada*, beidh ar iarrthóirí dhá cheann ar bith de na hocht gceist a chuirfear ina láthair a fhreagairt ar fud an dá roinn. Dá bhí sin, beidh sé de rogha ag iarrthóirí dhá cheist as *Roinn B Croíréimhsí Staidéir*, nó dhá cheist as *Roinn C Grafaic Fheidhmeach* nó ceist amháin as gach roinn a fhreagairt.

Déanfar na ceisteanna go léir i Roinn B agus i Roinn C a mharcáil as 60 marc in 2021, in ionad an 45 marc a leithdháltear ar gach ceist de ghnáth.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 180 marc in ionad an 240 marc san iomlán a bhíodh ag dul dó sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóir ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Roinn A: Croíréimsí Staidéir - Ceisteanna Gearra	60 marc
---	----------------

Freagair 3 cheist ar bith

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc

Roinn B: Croíréimsí Staidéir AGUS Roinn C: Grafaic Fheidhmeach	120 marc
---	-----------------

Freagair DHÁ cheist ar bith as na hocht gceist a chuirtear i láthair i Roinn B agus i Roinn C.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc

Eacnamaíocht

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

I Roinn A, bíonn ar iarrthóirí ocht gcinn de cheisteanna gearrfhreagra a fhreagairt de ghnáth agus bíonn rogha taobh istigh de dhá cheann de na ceisteanna. In 2021, chun rogha bhreise a chur ar fáil, beidh deich gceist ghearrfhreagra ann agus beidh rogha bhreise taobh istigh de thrí cinn de na ceisteanna. Beidh ar iarrthóirí cúig cinn as 10 gcinn de cheisteanna gearrfhreagra a fhreagairt. Is é leithdháileadh iomlán na marcanna do Roinn A ná 75 marc.

In 2021, beidh 15 marc in aghaidh na ceiste ag gabháil leis na ceisteanna gearrfhreagra.

I Roinn B, bíonn ar iarrthóirí ceithre cinn as cúig cinn de cheisteanna fadfhreagra a fhreagairt de ghnáth. In 2021, cuireadh ceist amháin sa bhreis isteach chun níos mó roghanna a sholáthar. In 2021, beidh ar iarrthóirí trí cinn as sé cinn de cheisteanna fadfhreagra a fhreagairt agus beidh 225 marc san iomlán ag gabháil leo (75 marc in aghaidh na ceiste).

Is é an leithdháileadh iomlán do na Páipéis Ardleibhéis agus Gnáthleibhéis ná 300 marc an ceann, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal 2021

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

Roinn A:	Ceisteanna Gearrfhreagra	Freagair cúig cinn as deich gcinn	75 marc
Roinn B:	Ceisteanna Fadfhreagra	Freagair trí cinn as sé cinn	225 marc

Innealtóireacht

Ardleibhéal

In 2021, ní bheidh Ceist 1 éigeantach. Rinneadh ceisteanna aonair de Cheist 1, Roinn A agus de Cheist 1, Roinn B. Tá naoi gceist ar an scrúdpháipéaranois. Tá na ceisteanna go léir ar cómharc (50 marc an cheist). Ionas go mbeidh rogha bhreise ar fáil, beidh ar iarrthóirí cúig cheist ar bith as naoi gceist a fhreagairt.

In 2021, beidh 250 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar, in ionad an 300 marc san iomlán a bhíodh ag gabháil leis sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

1. Freagair cúig cheist ar bith.
2. Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Gnáthleibhéal

In 2021, beidh seacht gceist ar an scrúdpháipéar agus tá na ceisteanna go léir ar cómharc (50 marc). Beidh ar iarrthóirí trí cheist ar bith as na seacht gceist sin a fhreagairt.

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, ní bheidh Ceist 1 ina ceist éigeantach a thuilleadh ach má thograíonn iarrthóir Ceist 1 a fhreagairt beidh orthu ocht gcuid ar bith as na 13 chuid a fhreagairt. Ní dhéanfar an cheist seo a roinnt ina Roinn A gus Roinn B mar a bhíodh sna blianta soimhe seo.

In 2021, beidh 150 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar, in ionad an 200 marc san iomlán a bhíodh ag gabháil leis sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

- Freagair TRÍ cheist ar bith.
Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

English

Higher Level, Paper 1

In **Section I, Comprehending**, instead of answering a Question A on one text and a Question B on another text, as is usually required, this year candidates will be required to answer only **ONE** question in Section I. They must answer **either** one Question A **OR** one Question B on **ONE** text in this section. All questions in Section I will be marked out of 40 marks in 2021, instead of the usual 50 marks allocated to each question.

Section II, Composing, will remain unchanged. Candidates will still be required to write one composition from the usual list of seven. The composition will be marked, as usual, out of 100 marks.

As a result of these changes, Paper 1 in 2021 will be marked out of a total of 140 marks, instead of the 200 mark total in place in previous years.

Instructions to candidates on the examination paper, Higher Level Paper 1, 2021

- Both sections of this paper (COMPREHENDING and COMPOSING) must be attempted.
- Section I, Comprehending, carries 40 marks.
- Section II, Composing, carries 100 marks.

Section I – Comprehending

- Two Questions, A and B, follow each text.
- Candidates must answer **ONE** question in Section I: **either one** Question A **OR one** Question B on **ONE** text.

Section II – Composing

- Candidates must write on **one** of the compositions 1 – 7.

Higher Level, Paper 2

As with Paper 1, candidates will also be required to answer fewer questions than heretofore, with more choice available in Section II, The Comparative Study and in Section III, Poetry.

This year, instead of answering on all three of the sections that appear on this examination paper, candidates may choose to answer the required number of questions in any **two** of the following sections:

- Section I, The Single Text (70 marks)
- Section II, The Comparative Study (70 marks)
- Section III, Poetry (70 marks)

N.B. In order to facilitate the level of choice laid out above, candidates will **not** be required to answer on Shakespearean Drama in 2021, although of course they may choose to do so.

The usual choice of questions will be offered in **Section I, The Single Text**, for candidates who opt to answer on this section. As in previous years, candidates will answer one of the two questions set on the particular single text which they have studied.

In **Section II, The Comparative Study**, a wider choice of modes will be offered, with questions on all three modes prescribed for study in 2021 appearing on the examination paper. Candidates who choose to answer a two-part comparative question – marked out of 30 and 40 marks respectively – must, as usual, refer to **one** text in answer to Part (a) and to **two other** texts in answer to Part (b). Candidates who elect to answer a question marked out of a single block of 70 marks in the 2021 examination must refer to **at least two** texts in their response. Candidates who choose to answer a question on a text in Section I, The Single Text, as usual, may not refer to the same text should they choose to answer a question in Section II, The Comparative Study.

Candidates who choose to answer on **Section III, Poetry**, will be required, as usual, to answer on both Part A, Unseen Poetry and Part B, Prescribed Poetry. There will be additional choice in Part B, with questions on five of the poets prescribed for study in 2021 rather than on four poets as was the norm.

As a result of these changes, Paper 2, like Paper 1, will be marked in 2021 out of a total of 140 marks, instead of the usual 200 mark total.

Instructions to candidates on the examination paper, Higher Level Paper 2, 2021

Candidates must attempt the required number of questions in **any TWO** of the following sections:

- SECTION I – The Single Text
- SECTION II – The Comparative Study
- SECTION III – Poetry, Part A, Unseen Poetry and Part B, Prescribed Poetry
- All sections carry 70 marks.

N.B. Candidates are **NOT** required to answer on Shakespearean Drama.

Ordinary Level, Paper 1

In **Section I, Comprehending**, instead of answering a Question A on one text and a Question B on another text, as usually happens, this year candidates will be required to answer only **ONE** question in Section I. They must answer **either one** Question A **OR** one Question B on **ONE** text in this section. All of the questions in Section I will be marked out of 40 marks in 2021, instead of the usual 50 marks allocated to each question.

Section II, Composing, will remain unchanged. Candidates will still be required to write one composition from the usual list of seven. The composition will be marked, as usual, out of 100 marks.

As a result of these changes, Paper 1 in 2021 will be marked out of a total of 140 marks, instead of the 200 mark total in place in previous years.

Instructions to candidates on the examination paper, Ordinary Level Paper 1, 2021

- Both sections of this paper (COMPREHENDING and COMPOSING) must be attempted.
- Section I, Comprehending, carries 40 marks.
- Section II, Composing, carries 100 marks.

Section I – Comprehending

- Two Questions, A and B, follow each text.
- Candidates must answer **ONE** question in Section I, **either one** Question A **OR** one Question B on **ONE** text.

Section II – Composing

- Candidates must write on **one** of the compositions 1 – 7.

Ordinary Level, Paper 2

In 2021, instead of answering on all three of the sections that appear on this examination paper, candidates may choose to answer the required number of questions in any **two** of the following sections:

- Section I, The Single Text (70 marks)
- Section II, The Comparative Study (70 marks)
- Section III, Poetry (70 marks).

Candidates who opt to answer on **Section I, The Single Text**, will have a greater choice of questions than in previous years. This will be achieved by combining the usually compulsory questions – Question 1 and Question 2 – into one three-part question, two parts marked out of 10 marks, with the third part marked out of 15 marks. The questions usually labelled Parts (i), (ii) and (iii) of Question 3 will appear as three individual 35 mark questions. This means that in 2021, candidates will be presented with a choice of four questions in this section. They will be required to answer **any two** of the four questions set on the particular single text which they have studied.

In **Section II, The Comparative Study**, a wider choice of modes will be offered than was available previously, with questions on all three modes prescribed for study in 2021 appearing on the examination paper. As usual, candidates will be required to answer one question on one comparative mode. The internal choice within each mode will remain the same. All questions will continue to be marked out of 70 marks, broken down into three parts as in previous years. The required level of reference to studied texts remains the same as before. Candidates who choose to answer a question on a text in Section I, The Single Text, as usual, may not refer to the same text should they choose to answer a question in Section II, The Comparative Study.

Candidates who choose to answer on Section III, **Poetry**, will be required, as usual, to answer on both Part A, Unseen Poetry and Part B, Prescribed Poetry. There will be additional choice in Part B, with questions on six of the poems prescribed for study in 2021 rather than on four poems, as was the norm. One of the two extra poems will be drawn from the poetry common with the Higher Level course. The second poem added to the examination paper will be from the list of poems prescribed for study at Ordinary Level only.

As a result of these changes, Paper 2, like Paper 1, will be marked in 2021 out of a total of 140 marks, instead of the usual 200 mark total.

Instructions to candidates on the examination paper, Ordinary Level Paper 2, 2021

Candidates must attempt the required number of questions in any **TWO** of the following sections:

- SECTION I – The Single Text
- SECTION II – The Comparative Study
- SECTION III – Poetry, Part A, Unseen Poetry and Part B, Prescribed Poetry.
- All sections carry 70 marks.

Fraincis

Ardleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an Triail Chluastuisceana in 2021.

I **Róinn A, Léamhthuiscint**, seachas ceisteanna a fhreagairt ar an dá thriail léamhthuisceana, 1 agus 2, mar a éiltear de ghnáth, i mbliana, ní bheidh ar iarrthóirí ach ceisteanna a fhreagairt ar léamhthuiscint **AMHÁIN** sa roinn seo. Déanfaidh iarrthóirí Léamhthuiscint 1 nó Léamhthuiscint 2. Déanfar an cheist seo a mharcáil as 60 marc.

I **Róinn B, Scríobh na teanga**, mar a cuireadh in iúl roimhe seo, beidh ar iarrthóirí **DHÁ** cheist a fhreagairt: ceist 1, (a) nó (b) nó (c) agus ceist amháin eile as ceisteanna 2, 3, 4, 5 agus 6. (Ní bheidh aon rogha taobh istigh de cheisteanna 2, 3, 4, 5 agus 6). Déanfar ceist 1 a mharcáil as 40 marc agus déanfar ceisteanna 2, 3, 4, 5 agus 6 a mharcáil as 30 marc (agus ní 60 marc agus 40 marc faoi seach mar a cuireadh in iúl roimhe seo).

Is é an leithdháileadh ionlán don pháipéar scríofa, gan an chomhpháirt éisteachta san áireamh, ná 130 marc, seachas 220 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal in 2021

Róinn A – Léamhthuiscint (Compréhension Écrite) Freagair ceist AMHÁIN , Léamhthuiscint 1 nó Léamhthuiscint 2.	60 mac
--	---------------

Róinn B – Scríobh na Teanga (Production Écrite)	70 marc
--	----------------

Freagair DHÁ cheist – Ceist 1 (a nó b nó c) agus ceann AMHÁIN de Cheisteanna 2, 3, 4, 5 agus 6.

Gnáthleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail Chluastuisceana in 2021.

I **Roinn A, Trialacha Léamhthuisceana**, seachas gach ceann de na ceithre cheist a fhreagairt, mar a éilítéar de ghnáth, i mbliana, ní bheidh ar iarrthóirí ach ceisteanna a fhreagairt ar **DHÁ** Léamhthuiscent sa roinn seo. Déanfaidh iarrthóirí Léamhthuiscent 1 nó 2 (áit a bhfreagróidh siad i mBéarla nó i nGaeilge) agus Léamhthuiscent 3 nó 4 (áit a bhfreagróidh siad i bhFraincis). Déanfar gach Léamhthuiscent a mharcáil as 40 marc.

I **Roinn B, Scríobh na teanga**, mar a cuireadh in iúl roimhe seo, beidh ar iarrthóirí **DHÁ** cheist a fhreagairt as ceisteanna 1, 2 agus 3. Tá rogha idir (a) agus (b) taobh istigh de gach ceist díobh. Ceist 1(a) – níl aon athrú ar an triail ionmlánaithe. Ceisteanna 1(b) – Foirm – freagróidh iarrthóirí cuid a haon go dtí cuid a cúig agus **trí** cinn de na ceithre chuid atá fanta. Tabharfar isteach rogha taobh istigh de cheisteanna 2(a), 2(b) 3(a) agus 3(b) – Tabharfaidh iarrthóirí freagra ar **thrí** phointe as **cúig** phointe sa cheist/sna ceisteanna a roghnaíonn siad. Déanfar gach ceist a mharcáil as 30 marc.

Is é an leithdháileadh ionlán don pháipéar scríofa, gan an chomhpháirt éisteachta san áireamh, ná 140 marc, seachas 220 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal in 2021

Roinn A – Léamhthuiscent (Compréhension Écrite)	80 mac
Freagair DHÁ cheist. Freagair ceist 1 nó 2 ar an Léamhthuiscent AGUS freagair ceist 3 nó 4 ar an Léamhthuiscent.	
Roinn B – Scríobh na Teanga (Production Écrite)	60 marc
Freagair DHÁ cheist as ceisteanna 1, 2 agus 3	

Tíreolaíocht

Ardleibhéal

I gCuid a hAon, tá ar iarrthóirí ceisteanna gearrfhreagra a fhreagairt. In 2021, ar aon dul leis na blianta roimhe seo, tá 12 cheist i gCuid an hAon, agus beidh ar iarrthóirí deich gcinn acu sin a fhreagairt.

I gCuid a Dó, bhí ar iarrthóirí ceithre cheist a fhreagairt roimhe seo, agus ceist amháin a roghnú as gach ceann de na ceithre roinn, Fisiceach, Réigiúnach, Toghaonaid, agus Roghaonaid. In 2021, beidh ar iarrthóirí trí cheist san ionlán a fhreagairt i gCuid a Dó. Níl cead ag iarrthóirí gach ceann de na trí cheist a roghnú as an Roinn chéanna. Tá cead ag iarrthóirí áfach dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna. Beidh na ceisteanna go léir ar cómharc, 80 marc an ceann.

Déanfar 320 marc san ionlán a leithdháileadh ar an bpáipéar, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021.

Cuid a hAon: Ceisteanna Gearrfhreagra	80 marc
---------------------------------------	---------

Freagair DEICH gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Cuid a Dó: Ceisteanna Struchtúrtha agus Aiste	240 marc
---	----------

Ní mór duit TRÍ cheist a fhreagairt. Ní cheadaítear duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1: Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1-3)
- Roinn 2: Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3: Toghaonaid (Ceisteanna 7-12)
- Roinn 4: Roghaonaid (Ceisteanna 13-24)

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Gnáthleibhéal

I gCuid a hAon, tá ar iarrthóirí ceisteanna gearrfhreagra a fhreagairt. In 2021, ar aon dul leis na blianta roimhe seo, tá 12 cheist ann agus beidh ar iarrthóirí deich gcinn acu sin a fhreagairt.

I gCuid a Dó, tá ar iarrthóirí trí cheist a fhreagairt, agus ceist amháin á roghnú acu as gach ceann de na trí Roinn, Fisiceach, Réigiúnach agus Toghaonaid. In 2021, beidh ar iarrthóirí dhá cheist san ionlán a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn ar leith. Beidh na ceisteanna go léir ar cómharc, 100 marc an ceann.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don scrúdú ná 300 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpáipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Cuid a hAon: Ceisteanna Gearrfhreagra	100 marc
--	-----------------

Freagair DEICH gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Cuid a Dó: Ceisteanna Struchtúrtha	200 marc
---	-----------------

Ní mór duit DHÁ cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn 1: Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2: Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3: Toghaonaid (Ceisteanna 7-12)

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc.

Gearmáinis

Ardleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail chluastuisceana in 2021.

Freagróidh iarrthóirí *Text I* (Léamhthuiscent 1) **AGUS** *Angewandte Grammatik* (Gramadach Fheidhmeach) (Ceist 1 **nó** Ceist 2).

NÓ

Freagróidh iarrthóirí *Text II* (Léamhthuiscent 2) **AGUS** *Äußerung zum Thema* (píosa gearr scríofa) (Rogha **(a)** nó **(b)**).

AGUS

Beidh ar **gach iarrthóir** rogha **(a)** **nó** **(b)** sa roinn *Schriftliche Produktion* (Scríobh na Teanga) a fhreagairt.

Beidh na coigeartuithe ar an measúnú a rinneadh níos luaithe i bhfeidhm i gcónaí i.e. má roghnaíonn iarrthóirí Léamhthuiscent 1, iarrfar orthu (sa cheist deiridh) sampla nó dhó de thuin/théama a aimsiú sa téacs seachas trí nó ceithre shampla mar a iarrtar de ghnáth. Ina theannta sin, beidh ar iarrthóirí Ceist 1 **NÓ** Ceist 2 a fhreagairt i roinn na Gramadaí Feidhmí (*Angewandte Grammatik*).

Maidir leis an roinn *Schriftliche Produktion* (Scríobh na Teanga):

Rogha (a): cuirfear cúig réimse topaicí ar fáil d'iarrthóirí – tá ceithre cinn le freagairt.

Rogha (b): cuirfear sé phointe le hurchair ar fáil d'iarrthóirí – tá cúig cinn le freagairt.

In 2021, déanfar an páipéar scríofa a mharcáil as 135 marc san ionlán, seachas an 220 marc san ionlán a bhíodh i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar an taobh istigh den chlúdadadh tosaigh:

Freagair *Text I* (Léamhthuiscent 1)(60 marc) **AGUS** *Angewandte Grammatik* (Gramadach Fheidhmeach) (Ceist 1 **nó** Ceist 2)(25 marc).

NÓ

Freagair *Text II* (Léamhthuiscent 2) (60 marc) **AGUS** *Äußerung zum Thema* (píosa gearr scríofa) (Rogha **(a)** **nó** **(b)**) (25 marc).

AGUS

Freagair rogha **(a)** **nó** **(b)** sa roinn *Schriftliche Produktion* (Scríobh na Teanga) (50 marc).

Gnáthleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail chluastuisceana in 2021.

Freagróidh iarrthóirí *Text I* (Léamhthuiscint 1) **AGUS** *Angewandte Grammatik* (Gramadach Fheidhmeach) (Ceist 1 **nó** Ceist 2).

NÓ

Freagróidh iarrthóirí *Text II* (Léamhthuiscint 2) **AGUS** *Äußerung zum Thema* (píosa gearr scríofa) (Rogha **(a)** nó **(b)**).

AGUS

Beidh ar **gach iarrthóir Text III** (Léamhthuiscint 3) a fhreagairt

AGUS

Beidh ar **gach iarrthóir** Rogha **(a)** nó **(b)** sa roinn *Schriftliche Produktion* (Scríobh na Teanga) a fhreagairt.

Beidh na coigearuithe ar an measúnú a rinneadh níos luaithe i bhfeidhm i gcónaí i.e. má roghnaíonn iarrthóirí Léamhthuiscint 1 le Gramadach Fheidhmeach, beidh ar iarrthóirí ceist 1 **NÓ** Ceist 2 a fhreagairt i Roinn na Gramadaí Feidhmí

Maidir leis an roinn *Schriftliche Produktion* (Scríobh na Teanga):

Rogha (a): cuirfear sé phointe ar fáil d'iarrthóirí (gan an abairt deiridh san áireamh), tá cúig cinn le freagairt ag iarrthóirí. Tá ar iarrthóirí an litir a chríochnú le habairt deiridh atá oiriúnach.

Rogha (b): scríobhfaidh iarrthóirí trí abairt ar dhá cheann de na pictiúir agus dhá abairt ar thrí cinn de na pictiúir [Pictiúir 2-6]. Beidh cead ag iarrthóirí na pictiúir ar a scríobhfaidh siad an dá/na trí abairt a roghnú.

In 2021, déanfar an páipéar scríofa a mharcáil as 145 marc san iomlán, seachas an 220 marc san iomlán a bhíodh i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar an taobh istigh den chlúdadadh tosaigh:

Freagair *Text I* (Léamhthuiscint 1)(60 marc) **AGUS** *Angewandte Grammatik* (Gramadach Fheidhmeach) (Ceist 1 **nó** Ceist 2)(15 mharc).

NÓ

Freagair *Text II* (Léamhthuiscint 2) (60 marc) **AGUS** *Äußerung zum Thema* (píosa gearr scríofa) (Rogha **(a)** nó **(b)**) (15 mharc).

AGUS

Freagair *Text III* (Léamhthuiscint 3)(40 Marks)

AGUS

Freagair rogha **(a)** nó **(b)** sa roinn *Schriftliche Produktion* (Scríobh na Teanga) (30 marc)

Ina theannta sin, beidh an treoir seo a leanas le feiceáil i rogha (b) sa roinn Schriftliche Produktion:

Tabhair cuntas gearr ar phictiúir 2-6. Scríobh 3 abairt ar 2 cheann de na pictiúir agus 2 abairt ar 3 cinn de na pictiúir (12 abairt san ionlán).

Léann Eabhrach

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

In 2021, ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal, in ionad ceann amháin de dhá cheist a fhreagairt ar gach ceann de na ceithre Roinn (A, B, C, agus D), beidh ar iarrthóirí ceann amháin de dhá cheist as trí cinn ar bith de na ceithre roinn sna páipéis seo a fhreagairt (A nó B nó C nó D). De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí gach ceann de na trí chuid taobh istigh de gach ceist a fhreagairt. In 2021, ar mhaithe le tuilleadh roghanna a sholáthar, beidh ar iarrthóirí cuid a, *nó* cuid b agus cuid c de na ceisteanna a roghnaítear as trí cinn de na ceithre roinn sna Páipéis Ghnáthleibhéil agus Ardleibhéil a fhreagairt.

Laghdóidh sé sin iomlán na marcanna do na scrúdpháipéis ag an dá leibhéal ó 400 marc go dtí 225 marc do 2021.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Ní mór trí roinn A, B, C nó D a fhreagairt.

Tá 75 marc ag gabháil le gach roinn.

Treoracha d'iarrthóirí ar gach roinn (A, B, C, agus D), Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

ROINN

Tá ar iarrthóirí cuid (a) *nó* cuid (b) agus cuid (c) a fhreagairt ar shliocht amháin.

1. — (*sliocht — téacs Eabhráise ainmnithe*)

- | | |
|--------|----------|
| (a) | 25 marc. |
| nó (b) | 25 marc. |
| (c) | 50 marc. |

nó sin

2. — (*sliocht — téacs Eabhráise ainmnithe*)

- | | |
|--------|----------|
| (a) | 25 marc. |
| nó (b) | 25 marc. |
| (c) | 50 marc. |

Stair

Ardleibhéal

Roinn 1: Ba cheart d'iarthóirí Roinn 1 (an Cheist Dhoiciméad-Bhunaithe) a fhreagairt faoi mar is gnách.

Roinn 2 agus 3: In ionad trí aiste a scríobh, beidh ar iarrthóirí **dhá** aiste a scríobh sa scrúdú. Ba cheart na ceisteanna aiste a roghnú as dhá thopaic ar leith as an aon topaic déag i Roinn 2 (Éire) agus i Roinn 3 (an Eoraip agus an domhan mór).

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 300 marc, in ionad 400 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha d'iarthóirí ar scrúdpháipéar **Na Nua-Aoise Déanaí**, Ardleibhéal, in 2021

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (an Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus Roinn 3 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6 *agus*

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.

Freagair ceist **amháin** as gach ceann de **dhá** thopaic.

Nóta: beidh treoracha comhfheagracha le feiceáil ar pháipéar **na Nua-Aoise Luath** ina sonraítear

An Eoraip agus an Domhan mór: Topaic 2 le haghaidh Roinn 1.

Gnáthleibhéal

Roinn 1: Ba cheart d'iarthóirí Roinn 1 (an Cheist Dhoiciméad-Bhunaithe) a fhreagairt faoi mar is gnách.

Roinn 2 agus 3: Tá ar iarrthóirí codanna A, B agus C a fhreagairt as **dhá** thopaic as an aon topaic déag i Roinn 2 (Éire) agus i Roinn 3 (an Eoraip agus an domhan mór).

Mar thoradh ar an athrú breise seo, níl gá a thuilleadh leis na ceisteanna breise “Cuid A” - a bhí le bheith ar leathanach 15 de scrúdpháipéar 2021 - agus ní bheidh siad ar scrúdpháipéar 2021.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 300 marc, in ionad 400 marc a bhíodh ann mar líon iomlán marcanna de ghnáth.

Treoracha d'iarthóirí ar scrúdpháipéar **Na Nua-Aoise Déanaí**, Gnáthleibhéal, in 2021

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (an Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus Roinn 3 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6 *agus*

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5.

Freagair codanna A, B agus C as gach ceann de **dhá** thopaic.

Nóta: beidh treoracha comhfheagracha le feiceáil ar pháipéar **na Nua-Aoise Luath** ina sonraítear

An Eoraip agus an Domhan mór: Topaic 2 le haghaidh Roinn 1.

Eacnamaíocht Bhaile- Eolaíoch agus Sóisialta

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

I **Roinn A**, bíonn ar iarrthóirí deich gceist as dhá cheist déag a fhreagairt de ghnáth. In 2021, beidh ar iarrthóirí cúig cheist as cheithre cheist déag a fhreagairt. Beidh sé mharc ag gabháil le gach ceist. Dá bhrí sin, is é leithdháileadh ionlán na marcanna don roinn seo ná 30 marc seachas 60 marc mar is gnách.

I **Roinn B**, beidh ar iarrthóirí Ceist 1 a fhreagairt, mar is gnách. In 2021, ní bheidh ar iarrthóirí ach ceist amháin as ceisteanna 2, 3, 4, agus 5 a fhreagairt. Dá bhrí sin, is é leithdháileadh ionlán na marcanna do Roinn B ná 130 marc seachas 180 marc mar is gnách.

I **Roinn C**, ar mhaithe le tuilleadh roghanna a sholáthar, beidh ceist bhreise (Ceist 4) ann agus déanfar croíréimsí an tsiollabais a scrúdú sa cheist sin. I gCeist 4, beidh an leagan amach, an fhormáid agus an rogha chéanna le hábhar roghnach 1, 2 agus 3, chun cuid (a) agus cuid (b) nó (c) a fhreagairt.

In 2021, beidh ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt ar an ábhar roghnach mar is gnách, nó beidh sé de rogha acu an cheist bhreise seo ar an gcroí-ábhar a fhreagairt ina ionad sin. Mar is gnách agus in 2021, tá 40 nó 80 marc ag gabháil le Roinn C.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna do scrúdpáipéar 2021 ná 200 marc nó 240 marc, seachas 280 marc nó 320 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpáipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Roinn A:	30 mharc
-----------------	-----------------

Freagair cúig cheist ar bith sa roinn seo.

Tá sé marc ag gabháil le gach ceist

Roinn B:	130 marc
-----------------	-----------------

Freagair Ceist 1 agus ceist amháin as ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.

Tá 50 marc an ceann ag gabháil le ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

Roinn C:	40 nó 80 marc
-----------------	----------------------

Freagair ceist amháin ar ábhar roghnach nó ceist 4 (croí-ábhar) lena n-áirítéar cuid (a) agus cuid (b) nó (c).

Má chuir tú isteach obair chúrsa a bhaineann le *Teicstíl, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach amháin Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.

Tá 80 marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha 1 agus 3.

Tá 40 marc ag gabháil le hábhar roghnach 2.

Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 4 (croí-ábhar).

Gaeilge

Ardleibhéal, Páipéar I

Ní bheidh aon leasú ar Pháipéar I in 2021.

- An Chluastuiscent (60 marc)
- An Cheapadóireacht (100 marc)

Ardleibhéal, Páipéar II

Ceithre cheist a bhíonn ar Pháipéar II gach bliain. Freagraíonn na hiarrthóirí na ceithre cheist mar seo a leanas:

Ceist 1: Léamhthuiscent A (50 marc) **agus** Léamhthuiscent B (50 marc)

Gach bliain, freagraíonn na hiarrthóirí **trí** cheist sa chuid litríochta den pháipéar:

Ceist 2: Ceist **amháin** ar an bPrós Ainmnithe nó Roghnach (30 marc)

Ceist 3: Ceist **amháin** ar an bhFilíocht Ainmnithe nó Roghnach (30 marc)

Ceist 4: Ceist **amháin** ar an Litríocht Bhreise (40 marc)

Ceist 1: An Léamhthuiscent

In 2021, beidh rogha ag na hiarrthóirí idir Léamhthuiscent A agus Léamhthuiscent B. Freagróidh na hiarrthóirí Léamhthuiscent A (50 marc) **nó** Léamhthuiscent B (50 marc). Beidh leagan amach na sleachta agus líon na gceisteanna ar gach sliocht léamhthuisceana mar a bhíonn siad gach bliain. Beidh 50 marc san iomlán ag gabháil le Ceist 1: An Léamhthuiscent in 2021.

Ceist 2: Prós Ainmnithe nó Roghnach agus Ceist 3: Filíocht Ainmnithe nó Roghnach

In 2021, beidh rogha ag na hiarrthóirí idir Ceist 2 (Prós Ainmnithe nó Roghnach) agus Ceist 3 (Filíocht Ainmnithe nó Roghnach). Ní bheidh aon athrú ar an leithdháileadh marcanna. Beidh Ceist 2 agus Ceist 3 ar aon mharc, 30 marc an ceann.

Ceist 4: An Litríocht Bhreise

Ní mór do na hiarrthóirí Ceist 4 (An Litríocht Bhreise) a fhreagairt. Beidh 40 marc, mar is gnách, ag gabháil le Ceist 4 in 2021.

In 2021, ní mór do na hiarrthóirí tabhairt faoi **dhá** cheist litríochta mar seo a leanas:

Ceist 2 (30 marc) **nó Ceist 3 (30 marc)**
agus
Ceist 4 (40 marc)

In 2021, leasófar an marc iomlán ar an gcuid litríochta den pháipéar ó 100 marc go 70 marc. Maidir le Ceist 2 agus Ceist 3, beidh roghanna breise inmheánacha ar an scrúdpháipéar.

Ceist 2: Prós Ainmnithe nó Roghnach

Beidh **dhá** cheist 2A (a) agus 2A (b) ar dhá shaothar ainmnithe agus **dhá** cheist 2B (a) agus 2B (b) ar dhá shaothar roghnacha ar an scrúdpháipéar.

Má roghnaíonn na hiarrthóirí Ceist 2, ní mór dóibh ceist **amháin** as a rogha de, 2A (a) nó 2A (b) nó ceist **amháin** as a rogha de, 2B (a) nó 2B (b) a fhreagairt.

Ceist 3: Filíocht Ainmnithe nó Roghnach

Beidh **dhá** cheist 3A (a) agus 3A (b) ar dhá dhán ainmnithe agus **dhá** cheist 3B (a) agus 3B (b) ar dhá dhán roghnacha ar an scrúdpháipéar.

Má roghnaíonn na hiarrthóirí Ceist 3, ní mór dóibh ceist **amháin** as a rogha de, 3A (a) nó 3A (b) nó ceist **amháin** as a rogha de, 3B (a) nó 3B (b) a fhreagairt.

Ceist 4: An Litríocht Bhreise

Ní mór do na hiarrthóirí ceist **amháin** (A, B, C, D, E **nó** F) a fhreagairt ar shaothar amháin as na sé shaothar ainmnithe ar an scrúdpháipéar. Ní bheidh aon leasú ar leagan amach na gceisteanna i gcás Cheist 4.

Bíonn 200 marc san iomlán ag gabháil le Páipéar II gach bliain. De thoradh na leasuithe ar Pháipéar II in 2021, beidh 120 marc san iomlán ag gabháil leis.

Treoracha d'iarrrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Leathanach 3: Treoracha d'iarrrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí tabhairt faoi **thrí** cheist mar seo a leanas:

Ceist 1 (50 marc)
agus
Ceist 2 (30 marc) **nó** Ceist 3 (30 marc)
agus
Ceist 4 (40 marc)

Ceist 1: Freagair Léamhthuisint A (50 marc) **nó** Léamhthuisint B (50 marc).

Freagair Ceist 2 (30 marc) **nó** Ceist 3 (30 marc).

Ceist 2: Freagair Ceist 2A (30 marc) **nó** Ceist 2B (30 marc).

2A. Prós Ainmnithe

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 2A (a) **nó** 2A (b).

2B. Prós Roghnach

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 2B (a) **nó** 2B (b).

NÓ

Ceist 3: Freagair Ceist 3A (30 marc) **nó** Ceist 3B (30 marc).

3A. Filíocht Ainmnithe

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 3A (a) **nó** 3A (b).

3B. Filíocht Roghnach

Freagair ceist **amháin** as do rogha de, 3B (a) **nó** 3B (b).

Ceist 4: An Litríocht Bhreise (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E **nó** F).

Gnáthleibhéal, Páipéar I

Ní bheidh aon leasú ar Pháipéar I in 2021.

- An Chluastuiscint (60 marc)
- An Cheapadóireacht (100 marc)

Gnáthleibhéal, Páipéar II

Trí cheist a bhíonn ar Pháipéar II gach bliain. Freagraíonn na hiarrthóirí na trí cheist mar seo a leanas:

Ceist 1: Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc)

Gach bliain, freagraíonn na hiarrthóirí **ceithre** cheist sa chuid litríochta den pháipéar:

Ceist 2: Dhá cheist ar an bPrós Ainmnithe nó Roghnach (50 marc)

Ceist 3: Dhá cheist ar an bhFilíocht Ainmnithe nó Roghnach (50 marc)

In 2021, ní bheidh aon leasú ar Cheist 1: An Léamhthuiscint ach beidh níos lú ceisteanna litríochta le freagairt ag na hiarrthóirí.

Ceist 1: An Léamhthuiscint

In 2021, ní mór do na hiarrthóirí tabhairt faoi Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc) mar a dhéanann siad gach bliain. Ní bheidh aon leasú ar leagan amach na sleachta ná ar líon na gceisteanna ar gach sliocht léamhthuisceana.

Roinn na Litríochta

Ceist 2: (Prós Ainmnithe nó Roghnach) agus Ceist 3: (Filíocht Ainmnithe nó Roghnach)

Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist as Roinn na Litríochta a fhreagairt in 2021.

Féadfaidh na hiarrthóirí tabhairt faoi **dhá** cheist litríochta mar seo a leanas:

Dhá cheist ar an bPrós Ainmnithe nó Roghnach
nó

Dhá cheist ar an bhFilíocht Ainmnithe nó Roghnach
nó

Ceist **amháin** ar an bPrós Ainmnithe nó Roghnach **agus** ceist **amháin**
ar an bhFilíocht Ainmnithe nó Roghnach

Maidir le Ceist 2 agus Ceist 3, beidh roghanna breise inmheánacha ar an scrúdpháipéar in 2021.

Ceist 2: Prós Ainmnithe nó Roghnach

In 2021, beidh **trí** cheist 2A (a), 2A (b) agus 2A (c) ar thrí shaothar ainmnithe agus **trí** cheist 2B (a), 2B (b) agus 2B (c) ar thrí shaothar roghnacha ar an scrúdpháipéar.

Ceist 2: Filíocht Ainmnithe nó Roghnach

In 2021, beidh **trí** cheist 3A (a), 3A (b) agus 3A (c) ar thrí dhán ainmnithe agus **trí** cheist 3B (a), 3B (b) agus 3B (c) ar thrí dhán roghnacha ar an scrúdpháipéar.

Ní bheidh aon athrú ar riar na marcanna ar na ceisteanna éagsúla. Beidh 25 marc an ceann ag gabháil le gach ceist litríochta. Toisc nach bhfreagróidh na hiarrthóirí ach dhá cheist litríochta, leasófar an marc iomlán ar an gcuid litríochta de Pháipéar II ó 100 marc go 50 marc.

Bíonn 200 marc san iomlán ag gabháil le Páipéar II gach bliain. De thoradh na leasuithe ar Pháipéar II in 2021, beidh 150 marc san iomlán ag gabháil leis.

Treoracha d'iarthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Leathanach 3: Treoracha d'iarthóirí

Freagair Ceist 1 agus **dhá** cheist as Róinn na Litríochta (Ceist 2 agus Ceist 3).

Ceist 1: An Léamhthuisint (100 marc)

Freagair Léamhthuisint A (50 marc) **agus** Léamhthuisint B (50 marc).

Róinn na Litríochta (50 marc)

Ceist 2: 2A. Prós Ainmnithe

2B. Prós Roghnach

Ceist 3: 3A. Filíocht Ainmnithe

3B. Filíocht Roghnach

Freagair **dhá** cheist as an roinn seo.

Ní mór duit tabhairt faoi **dhá** cheist, mar seo a leanas:

Dhá cheist as 2A **nó** **Dhá** cheist as 2B
nó

Dhá cheist as 3A **nó** **Dhá** cheist as 3B
nó

Ceist **amháin** as 2A **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B
nó

Ceist **amháin** as 2B **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (25 marc).

Bonnleibhéal

Cuimsíonn Páipéar an Bhonnleibhéal an Chluastuiscint, an Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga.

Cuid I: An Chluastuiscint (120 marc)

Ní bheidh aon leasú ar an scrúdú cluastuisceana in 2021.

Cuid II: Roinn I – Léamhthuiscint (150 marc)

Ní bheidh aon leasú ar na ceisteanna léamhthuisceana in 2021.

Ceist 1 (40 marc): Meaitseáil

Ceist 2 (50 marc): 2 cheann le freagairt as (a), (b) nó (c)

Ceist 3 (60 marc): 2 cheann le freagairt as (a), (b) nó (c)

Cuid II: Roinn II – Scríobh na Teanga

Ceist 4 agus Ceist 5: Tascanna scribhneoireachta

Dhá cheist atá sa chuid seo den scrúdpháipéar: Ceist 4 agus Ceist 5. Tugann na hiarrthóirí faoi dhá thasc scribhneoireachta gach bliain – ceann as rogha de dhá thasc i gCeist 4 agus ceann as rogha de dhá thasc i gCeist 5.

In 2021, déanfaidh na hiarrthóirí tasc scribhneoireachta **amháin** as Ceist 4 **nó** as Ceist 5.

Freagróidh an t-iarrthóir ceann **amháin** as na **ceithre** cinn seo a leanas:

4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b)

Beidh leagan amach na míreanna éagsúla mar a bhíonn siad gach bliain:

4 (a) agus 4 (b) Fógra **nó** Freagra scríofa ar chuireadh **nó** Litir **nó** Foirm iarratais (CV)

5 (a) Cuntas leanúnach bunaithe ar phictiúr amháin

5 (b) Cuntas bunaithe ar 4 phictiúr le stór focal treorach

Leasófar riár na marcanna i gcás an rannáin seo.

90 marc san iomlán a bhíonn ag gabháil le Cuid II: Roinn II – Scríobh na Teanga gach bliain: Ceist 4 (40 marc) agus Ceist 5 (50 marc). In 2021, 45 marc san iomlán a bheidh ag gabháil le Cuid II: Roinn II – Scríobh na Teanga. Beidh na ceisteanna go léir - 4 (a), 4 (b), 5 (a) agus 5 (b) – ar aon mharc, 45 marc an ceann.

Bíonn 360 marc san iomlán ag gabháil le Páipéar an Bhonnleibhéal gach bliain. De thoradh na leasuithe ar an bpáipéar in 2021, beidh 315 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar in 2021.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Bonnleibhéal, in 2021

Leathanach 2

Cuid I: Cluastuiscant – (120 marc)

Freagair **gach** ceist.

Leathanach 5

Cuid II: Roinn I – LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

Freagair **gach** ceist (1, 2 agus 3).

Leathanach 13

Cuid II: Roinn II – Scríobh na Teanga (45 marc)

Freagair ceann **amháin** as na **ceithre** cinn seo a leanas:

4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b)

Tá Ceist 4 (a) ar leathanach 14.

Tá Ceist 4 (b) ar leathanach 15.

Tá Ceist 5 (a) ar leathanach 16.

Tá Ceist 5 (b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.

Iodáilis

Ardleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail Chluastuisceana.

In 2021, ar mhaith le breis roghanna a chur ar fáil, beidh rogha idir Roinn A nó Roinn B a fhreagairt ar an bpáipéar scríofa. Dá bhí sin, beidh sé de rogha ag iarrthóirí **Roinn A - Sliocht Iriseoireachta** nó **Roinn B - Sliocht Liteartha** a fhreagairt, seachas an dá cheann a dhéanamh. Beidh 60 marc ag gabháil le gach roinn.

Tá na coigeartuithe a rinneadh i dtús báire i bhfeidhm fós maidir le **Roinn C**. Is é sin le rá go mbeidh sé de rogha trí cheist as cúig cheist a fhreagairt taobh istigh de Cheist 1, agus, i gCeist 2, go mbeidh réimse níos leithne de dheich bpointe inti agus go gcaithfidh na hiarrthóirí sé cinn diobh sin a roghnú chun forbairt a dhéanamh orthu san aiste faoi threoir.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don scrúdú scríofa, gan comhpháirt na cluastuisceana san áireamh, ná 160 marc, seachas 220 marc mar ba ghnách.

[Treoracha ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, 2021](#)

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach os cionn an cheannteidil do Roinn A, an Léamhthuiscint.

Freagair Roinn A nó Roinn B

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach faoi bhun an cheannteidil do Roinn C, Scríobh na Teanga.

Freagair gach ceann de na trí cheist

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach faoi bhun cheannteideal na ceiste do Cheist 1 i gCuid C, ina mbeidh cúig chuid, agus na lipéid (a), (b), (c), (d), (e) orthu:

Freagair trí chuid ar bith as (a), (b), (c), (d), (e).

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil taobh istigh de Cheist 2 i Roinn C:

Bain úsáid as sé cinn ar bith de na smaointe thíos.

Gnáthleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail Chluastuisceana.

In 2021, ar mhaith le breis roghanna a chur ar fáil, cuirfear rogha ar fáil i **Roinn A** ar an bpáipéar scríofa. Sa roinn sin, bíonn ar iarrthóirí Ceist 1 **agus** Ceist 2 a fhreagairt de ghnáth, ach i mbliana ní bheidh orthu ach ceann amháin nó ceann eile díobh a fhreagairt. Beidh 40 marc ag gabháil le gach ceist.

Ní bheidh aon athrú ar **Roinn B**.

Tá na coigeartuithe a rinneadh i dtús báire i bhfeidhm fós maidir le **Roinn C**. Is é sin le rá go mbeidh sé de rogha ceithre cheist as sé cheist a fhreagairt taobh istigh de Cheist 1, agus, i gCeist 2, taobh istigh den cheist, beidh sé de rogha cúig cheist déag as seacht gceist déag a fhreagairt. Is é sin le rá, i gCeist 2, cuid A, go mbeidh sé de rogha ocht gceist as na naoi gceist atá taobh istigh de a fhreagairt, agus i gCeist 2, cuid B, beidh sé de rogha seacht gcinn as ocht gcinn de na ceisteanna atá taobh istigh de a fhreagairt.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdú scríofa, gan comhpháirt na cluastuisceana san áireamh, ná 180 marc, seachas 220 marc mar ba ghnách.

Treoracha ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, 2021

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach faoi bhun an cheannteidil do Roinn A, an Léamhthuiscint.

Freagair Ceist 1 **nó** Ceist 2

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach faoi bhun an cheannteidil do Roinn B, Sleachta Poiblíochta/Fógraí.

Freagair gach ceann de na cúig cheist

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach faoi bhun an cheannteidil do Roinn C, Scríobh na Teanga.

Freagair gach ceann de na trí cheist.

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach faoi bhun cheannteideal na ceiste do Cheist 1 i gCuid C

In (a) agus (b) araon, scríobh ar **cheithre** cinn ar bith de na sé smaoineamh seo a leanas.

Déanfar Ceist 2, i Roinn C, a roinnt in dhá chuid - A agus B. Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil taobh istigh de na boscaí a bhfuil na lipéid A agus B orthu.

A: Freagair **ocht** gcinn ar bith de na naoi gceist seo a leanas.

B: Freagair **seacht** gcinn ar bith de na hocht gceist seo a leanas.

Seapáinis

Ardleibhéal

Ní dhéanfar aon choigearútuithe ar an triail chluastuisceana in 2021.

Fanfaidh na coigearútuithe sa tSeapáinis a fógraíodh i dtús báire agus a bhfuil cur síos orthu thíos, faoi mar a sonraíodh roimhe seo. Chomh maith leo sin, beidh sé de rogha ag iarrthóirí anois Ceist 4 nó Ceist 5 a fhreagairt. Déanfar athrú ar leithdháileadh na marcanna don dá cheist seo ionas go mbeidh na marcanna céanna (50 marc) ag gabháil leis an dá cheist anois.

Níl aon athruithe ar Cheist 1 agus tá ar iarrthóirí gach cuid den cheist a fhreagairt.

I gCeist 2 freagróidh iarrthóirí Cuid A ar fad, 10 gceist as 12 cheist i gCuid B agus 10 gceist as 12 cheist i gCuid C.

I gCeist 3 freagróidh iarrthóirí Cuid A agus Cuid B ar fad. Beidh ar iarrthóirí cúig cheist as sé cheist a fhreagairt i gCuid C agus 10 gceist as 12 cheist a fhreagairt i gCuid D.

Chomh maith leis na leasuithe thusa a fógraíodh roimhe seo, beidh ar iarrthóirí Ceist 4 nó Ceist 5 a fhreagairt, agus beidh an marc céanna (50 marc) ag gabháil leis an dá cheist anois.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar ná 170 marc, seachas 220 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Freagair Ceisteanna 1-3. Freagair Ceist 4 nó Ceist 5.

Gnáthleibhéal

Ní dhéanfar aon choigearútuithe ar an triail chluastuisceana.

Fanfaidh na coigearútuithe sa tSeapáinis a fógraíodh i dtús báire agus a bhfuil cur síos orthu thíos, faoi mar a sonraíodh roimhe seo. Ina theannta sin, beidh sé de rogha ag iarrthóirí anois Ceist 4 nó Ceist 5 a fhreagairt. Déanfar athrú ar leithdháileadh na marcanna don dá cheist seo ionas go mbeidh na marcanna céanna (40 marc) ag gabháil leis an dá cheist anois.

Ní bheidh aon athruithe ar Cheist 1 agus tá ar iarrthóirí gach cuid den cheist a fhreagairt.

I gCeist 2 beidh ar iarrthóirí Cuid A ar fad a fhreagairt, cúig cheist as sé cheist a fhreagairt i gCuid B, 10 gceist as 13 cheist a fhreagairt i gCuid C, agus Cuid D ar fad a fhreagairt.

I gCeist 3, Cuid A beidh ar iarrthóirí ceisteanna 1-4 a fhreagairt, i gCuid 5 freagróidh siad trí cheist as ceithre cheist. I gCeist 3, Cuid B freagróidh iarrthóirí 10 gceist as 12 cheist.

Chomh maith leis na leasuithe thusa a fógraíodh roimhe seo, beidh ar iarrthóirí Ceist 4 nó Ceist 5 a fhreagairt, agus beidh an marc céanna (40 marc) ag gabháil leis an dá cheist anois.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar in 2021 ná 160 marc, seachas 200 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Freagair Ceisteanna 1-3. Freagair Ceist 4 nó Ceist 5.

Lainín

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

Mar a fógraíodh roimhe seo, rinneadh laghdú mar seo a leanas ar an ábhar ainmnithe:

Livias Leabhar XXX: Ní scrúdófar caibidlí 29 go 37 in 2021.

Veirgil Aeneid II: Ní scrúdófar línte 343 go 506 in 2021.

Beidh na laghduithe sin ar an ábhar ainmnithe i bhfeidhm go fóill in 2021.

In 2021, i gCeist 1, beidh ar iarrthóirí Roinn A nó Roinn B a fhreagairt, mar is gnách. Beidh 75 marc ag gabháil le Ceist 1 i gcónaí.

I gceist 2, bíonn ar iarrthóirí cuid amháin nó dhá chuid as Roinn A a fhreagairt de ghnáth, agus ceann amháin as dhá chuid i Roinn B. In 2021, ní bheidh ar iarrthóirí ach cuid amháin as Roinn A nó Roinn B a fhreagairt. Dá bhrí sin, beidh 65 marc ag gabháil le Ceist 2 .

I gCeist 3, mar a fógraíodh cheana, tógfar na sleachta a chuirfear i láthair i gCeist 3. A (i) agus i gCeist 3. B (i) as an ábhar ainmnithe laghdaithe, agus beidh raon feidhme na gceisteanna agus na bhfreagraí i gCeist 3 A (ii) agus i gCeist 3 B (ii) teoranta freisin don ábhar ainmnithe laghdaithe. Beidh 90 marc ag gabháil le Ceist 3 i gcónaí.

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí gach ceann de na trí chuid i gCeist 4 a fhreagairt. In 2021, beidh ar iarrthóirí dhá chuid ar bith as na trí chuid sa cheist seo a fhreagairt. Dá bhrí sin, beidh 20 marc ag gabháil le Ceist 4.

I gCeist 5, de ghnáth bíonn ar iarrthóirí cuid amháin ar a laghad as Roinn A a fhreagairt, cuid amháin as Roinn B, agus an tríú cuid as Roinn A nó as Roinn B. In 2021, beidh ar iarrthóirí dhá chuid ar bith as na sé chuid i Roinn A agus B a fhreagairt. Dá bhrí sin, beidh 50 marc ag gabháil le Ceist 5.

Is é an leithdháileadh ionlán don Pháipéar Ardleibhéis agus Gnáthleibhéis in 2021 ná 300 marc, seachas 400 marc mar is gnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Ní mór na ceisteanna 1 – 5 go léir a fhreagairt.

Ceist 1. Freagair Roinn A **nó** Roinn B.

Ceist 2. Aistrigh ceann **amháin** ar bith den na sleachta A, B, C, D.

Ceist 3. Freagair Roinn A **nó** Roinn B

Ceist 4. Freagair **dhá** chuid ar bith de (i), (ii), (iii).

Ceist 5. Freagair **dhá cheann ar bith** de na sé chuid sa cheist seo.

Matamaitic

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, Páipéar 1 agus Páipéar 2

De ghnáth, bíonn dhá roinn i bPáipéar 1 agus i bPáipéar 2 ag an dá leibhéal agus bíonn ar iarrthóirí na ceisteanna go léir i ngach roinn a fhreagairt.

Maidir le gach ceann de na ceithre pháipéar sin in 2021, beidh sé cheist i Roinn A, mar is gnách. Mar sin féin, ardófar na marcanna in aghaidh na ceiste i Roinn A go dtí 30 marc, agus beidh ar iarrthóirí ceithre cinn ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. I Roinn B, beidh ceithre cheist agus 50 marc an ceann ag gabháil leo, agus beidh ar iarrthóirí dhá cheann ar bith díobh a fhreagairt.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna do gach scrúdpháipéar ná 220 marc, seachas 300 marc mar is gnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, Páipéar 1 agus Páipéar 2, in 2021

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Coincheapa agus Scileanna	120 marc	6 cheist
Roinn B	Comhthéacsanna agus Feidhmeanna	100 marc	4 cheist

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

- ceithre cheist ar bith as Roinn A – Coincheapa agus Scileanna
- dhá cheist ar bith as Roinn B – Comhthéacsanna agus Feidhmeanna.

Matamaitic – Bonnleibhéal

De ghnáth, bíonn dhá roinn sa pháipéar Bonnleibhéal agus bíonn ar iarrthóirí na ceisteanna go léir i ngach roinn a fhreagairt.

In 2021, beidh ocht gceist i Roinn A, mar is gnách. Mar sin féin, ardófar na marcanna in aghaidh na ceiste i Roinn A go dtí 30 marc, agus beidh ar iarrthóirí sé cinn ar bith den na ceisteanna a fhreagairt. I Roinn B, beidh trí cheist agus 50 marc an ceann ag gabháil leo, agus beidh ar iarrthóirí aon cheann amháin ar bith díobh a fhreagairt.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 230 marc, seachas 300 marc mar is gnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Bonnleibhéal, in 2021

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	180 marc	8 gceist
Roinn B	50 marc	3 cheist

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

- sé cheist ar bith as Roinn A
- ceist amháin ar bith as Roinn B

Ceol

Ardleibhéal Páipéar 1– Cumadóireacht

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt – ceann **amháin** as Rinn A – Cumadóireacth Séise (40 marc) agus ceann **amháin** as Rinn B – Armóin (60 marc).

In 2021, ní bheidh ar iarrthóirí **ach ceist amháin** a fhreagairt. Beidh 50 marc ag gabháil le gach ceist anois.

Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, leagfar amach na ceisteanna sna mórghléasanna agus sna mionghléasanna suas go dtí go dtí trí cinn ghéara agus trí cinn mhaola amháin.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 50 marc, seachas 100 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar leathanach 2.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Rinn A	Cumadóireacht Séise	50 marc	3 cheist
Rinn B	Armóin	50 marc	3 cheist

Freagair mar seo a leanas:

- Ceist **amháin** as Rinn A Cumadóireacht Séise
NÓ
- Ceist **amháin** as Rinn B Armóin

Ardleibhéal Páipéar 2 – Éisteacht

Cuireadh na coigeartuithe seo a leanas ar an bpáipéar seo in iúl roimhe seo:

1. Laghdú ar an ábhar sna saothair atá leagtha síos:

- *Coinséartó Pianó K.488 le Mozart*: Ní chuirfear ceisteanna ar an 3ú gluaiseacht (*Allegro assai*)
- *Symphonie Fantastique* le Berlioz: Ní chuirfear ceisteanna ar an 2ú gluaiseacht (*Un Bal*).

2. Rogha bhreise sa cheol Gaelach:

- Ceist 5B Roghnaíonn iarrthóirí topaic amháin as cúig cinn chun freagraí a thabhairt orthu.

Ní dhearnadh aon choigeartuithe eile ar an bpáipéar seo. Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar in 2021 ná 100 marc mar is gnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar leathanach 2.

Tá **sé** cheist ar an scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

Ardleibhéal – Cumadóireacht - Ábhar Roghnach

Ní dhearnadh aon choigeartuithe ar an gcomhpháirt seo.

Ardleibhéal – Éisteacht - Ábhar Roghnach

Ní dhearnadh aon choigeartuithe ar an gceist seo.

Gnáthleibhéal Páipéar 1 – Cumadóireacht

De ghnáth bíonn ar iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt – ceann **amháin** as Roinn A – Cumadóireacht séise (40 marc) agus **ceann** as Roinn B – Armóin (60 marc).

In 2021, **ní bheidh** ar iarrthóirí ach ceist **amháin** a fhreagairt. Beidh 50 marc ag gabháil le gach ceistanois.

Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, tosóidh an frása oscailte chun leanúint ar aghaidh i gceisteanna 1-3 ar an mbuille anuas, i.e. ní thosóidh na séiseanna ar an mbuille suas.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 50 marc seachas 100 marc mar ba ghnách.

Treoracha d’iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar leathanach 2.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A	Cumadóireacht Séise	50 marc	3 cheist
Roinn B	Armóin	50 marc	3 cheist

Freagair mar seo a leanas:

- Ceist **amháin** as Roinn A Cumadóireacht Séise

NÓ

- Ceist **amháin** as Roinn B Armóin

Gnáthleibhéal Páipéar 2 – Éisteacht

Faoi mar a cuireadh in iúl roimhe seo, in 2021 beidh laghdú ar an ábhar sna saothair atá leagtha síos mar seo a leanas:

- *Coinséartó Pianó K.488 le Mozart*: Ní chuirfear ceisteanna ar an 3ú gluaiseacht (*Allegro assai*)
- *Symphonie Fantastique* le Berlioz: Ní chuirfear ceisteanna ar an 2ú gluaiseacht (*Un Bal*).

Ní dhearnadh aon choigeartuithe eile ar an bpáipéar seo. Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar in 2021 ná 100 marc mar is gnách.

Treoracha d’iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, 2021

Beidh na treoracha seo d’iarrthóirí le feiceáil ar leathanach 2.

Tá **sé** cheist ar an scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

Fisic agus Ceimic

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

In 2021, tá ar iarrthóirí san Fhisic agus Ceimic, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, cúig cheist san ionlán a fhreagairt: dhá cheist as Roinn 1, dhá cheist as Roinn II agus ceist amháin eile as Roinn I nó as Roinn II. De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí trí cheist as gach Roinn a fhreagairt.

Faoi mar a bhíonn de ghnáth, ag an dá leibhéal sna páipéir don Fhisic agus Ceimic, i Roinn I tá sé cinn de cheisteanna Fisice, agus i Roinn II tá sé cinn de cheisteanna Ceimice. Tá gach ceist ar cómharc. Beidh 66 marc san ionlán ag gabháil le gach ceist

Do 2021, tá trí mhír bhrefise i gCeist 1 agus trí mhír bhrefise i gCeist 7 sna páipéir don Fhisic agus Ceimic ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Tá ar iarrthóirí, a bhfuil aon cheann de na ceisteanna sin á ndéanamh acu, 11 as 18 mír a fhreagairt, seachas 11 as 15 mhír mar ba ghnách.

Seachas sin, tá leagan amach an scrúdpháipéir ag an dá leibhéal mar a bhíonn sé de ghnáth, agus tá rogha shuntasach ar fud na bpáipéar, lena n-áirítéar rogha taobh istigh de chuid de na ceisteanna.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna do scrúdpháipéar 2021 ná 330 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách; tá na ceisteanna go léir ar cómharc (66).

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Tá cúig cheist le freagairt.

Freagair **dhá** cheist ar bith as Roinn I agus **dhá** cheist ar bith as Roinn II agus ceist **amháin** eile as Roinn I nó as Roinn II.

Tá gach ceist ar cómharc.

Corpoideachas

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

In 2021, mar is gnách, beidh ar iarrthóirí na trí Roinn go léir sa scrúdpháipéir a fhreagairt.

De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí gach ceist i *Roinn A* (80 marc) a fhreagairt. In 2021, ar mhaithe le roghanna breise a sholáthar, beidh ar iarrthóirí **cúig** cheist ar bith as an dá cheist déag i *Roinn A* (40 marc) a fhreagairt.

Níl aon choigeartú á dhéanamh ar *Roinn B – Cás-Stáidéar* agus tá an Roinn seo éigeantach agus tá 50 marc ag gabháil léi. De ghnáth, bíonn ar iarrthóirí trí cheist ar bith as na cúig cheist i *Roinn C* a fhreagairt agus bhí 40 marc in aghaidh na ceiste ag gabháil leo. In 2021, ar mhaithe le roghanna breise a sholáthar, beidh ar iarrthóirí **dhá** cheist i *Roinn C* (80 marc) a fhreagairt.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdú in 2021 ná 170 marc, seachas 250 marc mar a bhíodh i bhfeidhm roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	Ceisteanna gearrfhreagra	40 marc
Roinn B	Cás-Stáidéar	50 marc
Roinn C	Ceisteanna fada	80 marc

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

- **cúig** cinn ar bith den dá cheist déag i Roinn A
- ceist 13 i Roinn B - Cás-Stáidéar
- **dhá** cheann ar bith de na cúig cheist i Roinn C

Fisic

Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Baineann na hathruithe seo a leanas leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal do 2021.

I Roinn A, bíonn ar iarrthóirí trí cheist as cheithre cheist a fhreagairt de ghnáth. In 2021, beidh ar iarrthóirí dhá cheist as cúig cheist a fhreagairt. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

I Roinn B, bíonn ar iarrthóirí cúig cheist as ocht gceist a fhreagairt de ghnáth. In 2021, beidh ar iarrthóirí ceithre cheist as naoi gceist a fhreagairt. Sa chéad cheist i Roinn B, bíonn ar iarrthóirí ocht gceist as deich gcinn de cheisteanna gearra a fhreagairt de ghnáth. Tá 56 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn B, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don pháipéar ná 304 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Teoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal, 2021

Freagair **dhá** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B

Roinn A (80 marc)

Freagair **dhá** cheist as an roinn seo.

Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn B (224 marc)

Freagair **ceithre** cheist as an roinn seo.

Tá 56 marc ag gabháil le gach ceist.

An Pholaitíocht agus an tSochaí

Ardleibhéal

In 2021, mar is gnách, beidh ar iarrthóirí gach ceann de thrí roinn an scrúdpháipéir a fhreagaírt. Do 2021, ar mhaithe le roghanna breise a sholáthar, beidh ceisteanna breise le roghnú astu i *Roinn A – Ceisteanna Gearrfhreagra*; i *Roinn B – Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí*, déanfar an bhéim sa cheist deiridh a chungú agus díreofar ar an eolas a chuirtear i láthair sna doiciméid bunaithe ar shonraí; agus i *Roinn C - Aistí Dioscúrsacha*, beidh cúig cheist a mbeidh 100 marc an ceann ag gabháil leo, in ionad ceithre cinn mar a bhíodh de ghnáth. Beidh ar iarrthóirí Roinn A agus Roinn B a fhreagaírt mar is gnách, ach ní bheidh orthu ach ceist amháin a fhreagaírt as Roinn C.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 300 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Roinn A – Ceisteanna Gearrfhreagra		
Freagair deich gceist as 15 cheist		50 marc
Roinn B – Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí		
Freagair gach ceist		150 marc
Roinn C – Aistí Dioscúrsacha		
Freagair ceist amháin		100 marc

Gnáthleibhéal

Mar is gnách, beidh ar iarrthóirí gach ceann de thrí roinn an scrúdpháipéir a fhreagaírt. Do 2021, ar mhaithe le roghanna breise a sholáthar, i *Roinn A – Ceisteanna Gearrfhreagra*, ní bheidh ar iarrthóirí ach deich gcinn as an bhfiche ceist ghearrfhreagra a fhreagaírt in ionad na cúig cheist déag a bhíonn le freagaírt de ghnáth. Beidh ar iarrthóirí ceisteanna i Roinn B a fhreagaírt mar is gnách. I *Roinn C – Aistí Dioscúrsacha* - beidh ar iarrthóirí dhá cheist a bhfuil 50 marc an ceann ag gabháil leo a fhreagaírt in ionad trí cheist a fhreagaírt, mar a bhíodh orthu a dhéanamh roimhe seo.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 350 marc, seachas 400 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Roinn A – Ceisteanna Gearrfhreagra		
Freagair deich gceist as 20 ceist		100 marc
Roinn B – Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí		
Freagair gach ceist		150 marc
Roinn C – Ceisteanna na nAistí Dioscúrsacha		
Freagair dhá ceist		100 marc

Oideachas Reiligiúnach

Ardleibhéal

Mar is gnách, beidh ar iarrthóirí ceist amháin as an dá cheist in Aonad a hAon a fhreagairt, a bhuil 80 marc san iomlán ag gabháil leis. In 2021, ar mhaithe le breis roghanna a sholáthar in Aonad a Dó, in ionad ceisteanna as dhá cheann de na trí roinn a fhreagairt, beidh ar iarrthóirí ceisteanna as roinn amháin de na trí roinn san Aonad seo a fhreagairt. Beidh rogha bhreise ceisteanna ag iarrthóirí taobh istigh d'Aonad a Dó agus ní bheidh orthu ach ceisteanna a fhreagairt as dhá chuid de na trí chuid taobh istigh de gach roinn den aonad seo. Beidh 80 marc san iomlán ag gabháil le hAonad a Dó.

Ar aon dul le blianta eile, in Aonad a Trí, beidh ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt as ceann amháin de na ceithre roinn. In 2021, beidh rogha ceisteanna ag iarrthóirí taobh istigh de gach roinn d'Aonad a Trí. Beidh 80 marc san iomlán ag gabháil le hAonad a Trí.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdú in 2021 ná 240 marc, seachas 320 mar a bhíodh sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar an gclúdach:

Caithfidh iarrthóirí iad seo a leanas a fhreagairt:

- CEIST AMHÁIN AS AONAD A HAON
- ROIÑN AMHÁIN AS AONAD A DÓ
- ROIÑN AMHÁIN AS AONAD A TRÍ

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil taobh istigh den scrúdpháipéar:

AONAD A HAON

NÍ MÓR DUIT CUID a) AGUS CUID b) A FHREAGAIRT AS CEANN AMHÁIN DEN DÁ CHEIST SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc an ceann ag gabháil le gach ceist)

AONAD A DÓ

NÍ MÓR DUIT DHÁ CHEANN AR BITH DE CHODANNA: a), b), c) AS CEANN AMHÁIN DE NA TRÍ ROIÑN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)

AONAD A TRÍ

NÍ MÓR DUIT CUID a) NÓ CUID b) AS CEANN AMHÁIN DE NA CEITHRE ROIÑN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)

Gnáthleibhéal

Do 2021, in Aonad a hAon, beidh ar iarrthóirí ceist amháin as na trí cheist a fhreagairt, seachas dhá cheist mar ba ghnách sna blianta roimhe seo. Tá 80 marc san iomlán ag gabháil le hAonad a hAon.

In Aonad a Dó, in ionad ceisteanna as dhá cheann de na trí roinn a fhreagairt, beidh ar iarrthóirí ceisteanna as roinn amháin de na trí roinn san aonad seo a fhreagairt. Beidh rogha bhereise ceisteanna ag iarrthóirí taobh istigh d'Aonad a Dó agus ní bheidh orthu ach ceisteanna a fhreagairt as dhá chuid de na trí chuid taobh istigh de gach roinn den Aonad seo. Tá 80 marc san iomlán ag gabháil le hAonad a Dó.

In Aonad a Trí, beidh ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt as ceann amháin de na ceithre roinn. Beidh rogha ceisteanna ag iarrthóirí taobh istigh de gach roinn. Tá 80 marc san iomlán ag gabháil le hAonad a Trí.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdú seo in 2021 ná 240 marc, seachas 320 marc mar a bhíodh i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpáipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil ar an gclúdach:

Caithfidh iarrthóirí iad seo a leanas a fhreagairt:

- CEIST AMHÁIN AS AONAD A HAON
- ROIINN AMHÁIN AS AONAD A DÓ
- ROIINN AMHÁIN AS AONAD A TRÍ

Beidh na treoracha seo a leanas le feiceáil taobh istigh den scrúdpáipéar:

AONAD A HAON

NÍ MÓR DUIT CUID a) AGUS CUID b) A FHREAGAIRT AS CEANN AMHÁIN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS.

(Tá 80 marc an ceann ag gabháil le gach ceist)

AONAD A DÓ

NÍ MÓR DUIT DHÁ CHEANN AR BITH DE CHODANNA: a), b), c) AS CEANN **AMHÁIN** DE NA TRÍ ROIINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)

AONAD A TRÍ

NÍ MÓR DUIT CUID a) NÓ CUID b) AS CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROIINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)

Rúisis

Ardleibhéal

Mar is gnách, beidh ar iarrthóirí dhá roinn an scrúdpháipéir a fhreagairt. In 2021, ar mhaithe le breis roghanna a sholáthar, déanfaidh iarrthóirí rogha idir na ceisteanna ar léirthuisceanta teanga agus/nó léirthuisceanta chultúir ag deireadh an dá cheist léirthuisceana i Roinn I. Chomh maith leis an athrú sin, ní bheidh ar iarrthóirí ach ceann amháin den dá cheist léirthuisceana a fhreagairtanois i.e. *Ceist 1 – Léirthuisceant teanga agus/nó léirthuisceanta chultúir* nó *Ceist 2 – Léirthuisceant teanga agus/nó léirthuisceanta chultúir*.

I Roinn II, tá ar iarrthóirí *Ceist 3 – Scríbhneoireacht faoi Stiúir* a fhreagairt agus beidh breis roghanna ag iarrthóirí idir dhá litir **nó** dhá scéalaíocht **nó** dhá phlé, agus níl le freagairt ach ceann amháin díobh.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 170 marc, seachas 220 marc mar ghnách.

Treoracha d'íarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, 2021

Roinn I – Freagair Ceist 1 nó Ceist 2	50 marc
Ceist 3	20 marc
ROINN II – Freagair gach ceist	100 marc

Gnáthleibhéal

Mar is gnách, beidh ar iarrthóirí dhá roinn an scrúdpháipéir a fhreagairt. In 2021, ar mhaith le breis roghanna a sholáthar, déanfaidh iarrthóirí rogha idir na ceisteanna ar léirthuiscent teanga agus/nó léirthuiscent chultúir ag deireadh an dá chleachtadh aisghabhála eolais i Roinn I.

Chomh maith leis an athrú sin, ní bheidh ar iarrthóirí ach ceann amháin den dá chleachtadh aisghabhála eolais a fhreagairt i.e. Roinn I (A) *Ceist 1 Aisghabháil Eolais* nó *Ceist 2 Aisghabháil Eolais*.

I Roinn II, tá ar iarrthóirí *Cuid A – Freagraí Gearra agus Cuid B – Scríbhneoireacht Leanúnach* a fhreagairt, agus ní fhreagróidh iarrthóirí ach cleachtadh amháin maidir le Freagra Gearr (Léirthuiscent Chultúir) agus beidh na leideanna maidir leis an Scríbhneoireacht Leanúnach á moladh seachas iad a bheith éigeantach.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don scrúdpháipéar ná 175 marc, seachas 220 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'iarthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, 2021

Roinn I	Freagair gach ceist	(130 marc)
Roinn I (A)	Aisghabháil eolais	
	Freagair Ceist 1 nó Ceist 2	30 marc
Roinn I (B)	Measc agus meaitseáil	40 marc
Roinn I (C)	Struchtúrú dioscúrsa	20 marc
Roinn I (D)	Léirthuiscent	40 marc
ROINN II	Freagair gach ceist	(45 marc)
Roinn II (A)	Freagair ceist amháin	15 mharc
Roinn II (B)	Scríbhneoireacht leanúnach	30 marc

Spáinnis

Ardleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail chluastuisceana in 2021.

In 2021, ní bheidh aon athrú ar **Roinn A**, Ceist 1 (a) Litrócht Dualgais ná ar (b) Téacs iriseoireachta. I **Roinn A**, Ceist 2, seachas an dá cheist (a) agus(b) a fhreagairt, mar a éilítear de ghnáth, i mbliana, ní bheidh ar iarrthóirí ach ceist **AMHÁIN** a fhreagairt. Dá réir sin, déanfar an cheist seo a mharcáil as 10 marc in 2021, seachas 20 marc mar ba ghnách. Beidh 60 marc san ionlán ag gabháil le Roinn A in 2021, seachas 70 marc san ionlán a bhíodh ag gabháil léi sna blianta roimhe seo.

Ní bheidh aon athrú ar **Roinn B**. Déanfar an Roinn seo a mharcáil as 100 marc, mar is gnách.

I **Roinn C**, beidh ar iarrthóirí ceist **AMHÁIN** as an Roinn ionlán a fhreagairt in 2021, is é sin, Comhrá NÓ Litir Fhoirmiúil NÓ Iontráil Dialainne NÓ Nótá. Tá na ceisteanna go léir ar cómharc, i.e. 25 marc, seachas 30 marc do cheist 1 agus 20 marc do Cheist 2 mar a bhíodh sna blianta roimhe seo. Beidh 25 marc san ionlán ag gabháil le Roinn C in 2021 seachas an 50 marc san ionlán a bhíodh ag gabháil léi sna blianta roimhe seo.

Mar thoradh ar na hathruithe sin, in 2021, déanfar an páipéar Scríofa sa Spáinnis ag an Ardleibhéal a mharcáil as 185 marc san ionlán, seachas as 220 marc san ionlán a bhíodh i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach taobh thíos den cheannteideal i gcomhair Roinn A

Ba chóir do na hiarrthóirí tabhairt faoi 1 agus 2.

- N.B.** In 1. freagair (a) NÓ (b)
In 2. freagair EITHER (a) NÓ (b)

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil ag túis Cheist 1, (mar a bhí riamh).

Ceist 1. Freagair na ceisteanna ar (a) Litrócht Dualgais nó (b) Téacs Iriseoireachta. (50 marc)

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil ag túis Cheist 2.

Ceist 2. Freagair (a) NÓ (b) i nGAEILGE. (10 marc)

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach taobh thíos den cheannteideal i gcomhair Roinn C.

Freagair ceann AMHÁIN de na ceithre chuid sa dhá cheist seo. Is é sin, freagair ceann AMHÁIN as:

- Ceist 1 (a) Comhrá a Chumadh NÓ (25 marc)**
Ceist 1 (b) Lirit OR
Ceist 2 (a) Iontráil Dialainne NÓ
Ceist 2 (b) Nótá

Gnáthleibhéal

Ní bheidh aon athrú ar an triail chluastuisceana in 2021.

I **Róinn A**, beidh ar iarrthóirí Ceist 1 **AGUS** Ceist 5 a fhreagairt agus ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna 2, 3, nó 4. Déanfar Ceist 1 a mharcáil as 45 marc, seachas as 50 marc, mar ba ghnách. Déanfar Ceist 5 a mharcáil as 40 marc, mar is gnách. Déanfar ceisteanna 2, 3, agus 4 a mharcáil as 25 marc an ceann in 2021, seachas as 25, 20, 25 marc, mar ba ghnách. Beidh 110 marc san ionlán ag gabháil le Róinn A in 2021, seachas 160 marc san ionlán a bhíodh i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Ní bheidh aon athrú ar **Róinn B** do 2021. Ní bheidh aon athrú ar leithdháileadh na marcanna do Róinn B; is é sin 60 marc.

Mar thoradh ar na hathruithe sin, in 2021, déanfar an páipéar Scríofa sa Spáinnis ag an nGnáthleibhéal a mharcáil as 170 marc san ionlán, seachas an 220 marc san ionlán a bhíodh i bhfeidhm sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Beidh an treoir seo a leanas le feiceáil díreach taobh thíos den cheannteideal i gcomhair Róinn A

Freagair Ceist 1 AGUS Ceist 5 agus ceann AMHÁIN ar bith de Cheisteanna 2, 3 NÓ 4.

Teicneolaíocht

Ardleibhéal

I **Roinn A**; *Croíchúrsa - Ceisteanna Gearra*, beidh siad mar an gcéanna leis na blianta roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí 12 cheist as na 15 cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt. Tá 6 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.

I **Roinn B**; *Croíchúrsa*, beidh ar iarrthóirí ceann ar bith den dá cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt, seachas an dá cheist a fhreagairt mar a bhí le déanamh sna blianta roimhe seo. Tá 24 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn B.

I **Roinn C**; *Roghanna*, beidh ar iarrthóirí ceann ar bith de na cúig cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt, seachas dhá cheist ar bith a fhreagairt mar a bhí le déanamh sna blianta roimhe seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn C.

Is é leithdháileadh iomlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 136 marc, seachas 200 marc san iomlán a bhíodh ag dul dó sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Ardleibhéal, in 2021

Roinn A: Croíchúrsa - Ceisteanna gearrfhreagra	72 marc
Freagair 12 cheist ar bith	
Tá na ceisteanna go léir ar cómharc	
Roinn B: Croíchúrsa	24 marc
Freagair ceist AMHÁIN den dá cheist atá ann.	
Tá na ceisteanna go léir ar cómharc	
Roinn C: Roghanna	40 marc
Freagair ceist AMHÁIN de na cúig cheist atá ann.	
Tá na ceisteanna go léir ar cómharc	

Gnáthleibhéal

I **Roinn A**; *Croíchúrsa - Ceisteanna Gearra*, beidh siad mar an gcéanna leis na blianta roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí 9 cheist as an 12 cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt. Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn A.

I **Roinn B**; *Croíchúrsa*, beidh ar iarrthóirí ceann ar bith den dá cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt, seachas an dá cheist a fhreagairt mar a bhí le déanamh sna blianta roimhe seo. Tá 24 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn B.

I **Roinn C**; *Roghanna*, beidh ar iarrthóirí ceann ar bith de na cúig cheist a chuirtear i láthair a fhreagairt, seachas dhá cheist ar bith a fhreagairt mar a bhí le déanamh sna blianta roimhe seo. Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist i Roinn C.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 136 marc, seachas an 200 marc san ionlán a bhíodh ag dul dó sna blianta roimhe seo.

Treoracha d'iarrthóirí ar an scrúdpháipéar, Gnáthleibhéal, in 2021

Roinn A: Croíchúrsa - Ceisteanna gearrfhreagra	72 marc
---	----------------

Freagair 9 cheist ar bith

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc

Roinn B: Croíchúrsa	24 marc
----------------------------	----------------

Freagair ceist AMHÁIN den dá cheist atá ann

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc

Roinn C: Roghanna	40 marc
--------------------------	----------------

Freagair ceist AMHÁIN de na cúig cheist atá ann

Tá na ceisteanna go léir ar cómharc

Teangacha Neamhchuraclaim

Baineann na hathruithe seo a leanas leis na hábhair seo a leanas:

Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Dúitsis, Eastóinis, Fionlainnis, Ungáiris, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Nua-Ghréigis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Sualainnis.

Ardleibhéal

De ghnáth, bíonn trí CHUID ann agus bíonn ar iarrthóirí gach ceann de na sé cheist i gCUID a hAON, an cheist aonair i gCUID a DÓ, agus ceann amháin den dá rogha i gCUID a TRÍ a fhreagairt. Déantar CUID a hAON a mharcáil as 30, CUID a DÓ as 30 agus CUID a TRÍ as 40, rud a thugann 100 marc SAN IOMLÁN.

In 2021, fágfar CUID a DÓ, a bhíonn ann de ghnáth, ar lár agus ní bheidh ann ach dhá CHUID.

Beidh an CHUID a hAON nua san fhormáid chéanna le CUID a hAON sna blianta roimhe seo, agus beidh ar iarrthóirí sé cheist a fhreagairt bunaithe ar théacs a thugtar. Déanfar gach ceist a mharcáil as 5, sin 30 marc san IOMLÁN.

Beidh an CHUID a DÓ nua san fhormáid chéanna le CUID a TRÍ sna blianta roimhe seo, agus beidh ar iarrthóirí aiste a scríobh ar thopaic a roghnófar as dhá rogha. Déanfar an aiste a mharcáil as 40.

Beidh 70 marc SAN IOMLÁN ag gabháil leis an scrúdú in 2021. (Déanfar CUID a hAON a mharcáil as 30 agus CUID a DÓ a mharcáil as 40)

LCVP – Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Nascmhodúil – Páipéar Scríofa

Mar is gnách, beidh ar iarrthóirí na ceisteanna go léir i *Roinn A - Closamharc* a fhreagairt. (30 marc).

Le linn gnáthbhliana, bhíodh *Roinn B – Cás-Staidéar*, éigeantach agus bhronntaí 30 marc ina leith. In 2021, d'fhonn a thuilleadh roghanna a chur ar fáil, beidh *Roinn B – Cás-Staidéar* roghnach, agus bronntar 25 marc ina leith.

I *Roinn C – Ceisteanna Ginearálta* beidh 7 gceist ar fiú 25 marc an ceann iad.

I gcás Ranna B agus C, beidh ar iarrthóirí líon ionlán ceithre cheist a fhreagairt thar an dá Roinn. Dá bhí sin, féadfaidh iarrthóirí *Roinn B – Cás-Staidéar* a fhreagairt agus trí cheist ar bith eile as *Roinn C – Ceisteanna Ginearálta*, nó féadfaidh siad ceithre cheist a roghnú le freagairt as *Roinn C – Ceisteanna Ginearálta*.

Is é leithdháileadh ionlán na marcanna don scrúdpháipéar in 2021 ná 130 marc, seachas 160 marc mar ba ghnách.

Treoracha d'larrthóirí ar an scrúdpháipéar, Comhleibhéal, 2021

Roinn A - Closamharc

Tá ocht gceist ann. Freagair **gach** ceist díobh. 30 marc

Roinn B – Cás-Staidéar **agus** Roinn C – Ceisteanna Ginearálta 100 marc

Freagair Roinn B agus **trí cheist ar bith** ó Roinn C
nó

Freagair **ceithre cheist ar bith** díobh ó Roinn C.